

An Chomhairle Oidhreachta  
The Heritage Council



**POLASÁÍ UM CHOSAINT LEANAÍ**

An Chomhairle Oidhreachta

2014

## Clár na nÁbhar

1. Tús Eolais.....	4
2. Ráiteas Cosanta Leanaí.....	4
3. Cód Cleachtais don fhoireann.....	5
4. Gníomhaíochtaí Oideachais Lasmuigh.....	7
5. Nósanna Imeachta le déileáil le Leanaí ar Iarraidh.....	8
6. Treoirlínte ar ghrianghraif a ghlacadh de leanaí.....	9
7. Ról an Oifigigh Ainmnithe.....	9
8. Mí-Úsáid Leanaí a Aithint.....	10
9. Mí-Úsáid Leanaí a Nochtadh.....	11
10. Freagracht mí-úsáid amhrasta nó iarbhír leanaí a thuairisciú.....	12
11. Nós imeachta tuairiscithe maidir le mí-úsáid leanaí.....	12
12. Rúndacht.....	14
13. Nósanna imeachta líomhaintí foirne.....	14
14. Nósanna imeachta molta le haghaidh daoine ar cuireadh ina leith gur sháraigh siad na treoirlínte.....	16
15. Nósanna imeachta timpiste.....	16
16. Nósanna imeachta gearán don Fhoireann, Tuismitheoirí agus Leanaí.....	16
Aguisín 1 Mí-Úsáid Leanaí a shainmhíniú agus a aithint.....	18
Aguisín 2 Táscairí Mí-Úsáide.....	21
Aguisín 3 Cód Iompraíochta na Comhairle Oidhreachta um Chosaint Leanaí agus d'eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú ón gComhairle Oidhreachta.....	23
Aguisín 4 Foirm Chaighdeánach Thuairisce FSS.....	33
Aguisín 5 Eolas Teagmhála FSS.....	36
Aguisín 6 Cosaint daoine a thuairiscíonn mí-úsáid leanaí.....	46

Aguisín 7	Líomhain in aghaidh ball foirne; Bearta Cosanta .....48
Aguisín 8	Foirm Dhearbhúcháin na Foirne (An Fhoireann Go Léir) .....49
Aguisín 9	Foirm Féindearbhúcháin (Baill Foirne Nua.....50

## 1. Tús Eolais

Tá sé mar dhuilgias corparáideach ar an gComhairle Oidhreachta sábháilteacht agus leas leanaí a mbíonn teagmháil aici leo ar bhealach ar bith a chur chun cinn. Pléann an doiciméad polasaí seo le haithint, tuairisciú agus bainistíocht buarthaí sábháilteachta leanaí, agus cabhróidh sé le duine ar bith atá ag obair ar son na Comhairle an aird chuí a thabhairt ar chearta agus leas leanaí. Baineann an polasaí seo leo siúd go léir a fhaigheann maoiniú ón gComhairle Oidhreachta agus le foireann na Comhairle Oidhreachta chomh maith.

Bíonn an Chomhairle Oidhreachta ag plé le daoine óga ar bhealaí éagsúla; tríd an gclár Oidhreachta sna Scoileanna, Tionscadail Oifigigh Oidhreachta, tionscadail eile a dtacaítear leo le deontas agus tionscadail oideachais a chur ar fáil. Tá sé mar chúram ar an gComhairle Oidhreachta treoirlínte agus polasaithe oiriúnacha cosanta leanaí a chur i bhfeidhm i gcomhréir le *Tús Áite do Leanaí – Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí*. Cinntíonn an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta chomh maith go gcloítear leis an oibleagáid seo trí Phróiseas an Chomhaontaithe Leibhéal Seirbhíse, agus tríd an gCoiste Maoirseachta ar Chosaint Leanaí chomh maith. Agus buarthaí sochaíocha níos leithne ann faoi chosaint leanaí, tá sé riachtanach treoirlínte láidre a chur i bhfeidhm maidir le cosaint leanaí le tacú leis an bhfoireann go léir agus leo siúd a fhaigheann tacaíocht na Comhairle Oidhreachta a d'fhéadfadh a bheith ag idirghníomhú le leanaí ar bhealach ar bith, agus le cosaint linbh ar bith atá faoinár gcúram a chinntiú.

Leagann 'Tús Áite do Leanaí – Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí' oibleagáid ar an gComhairle Oidhreachta leas agus cosaint leanaí a chur chun cinn. Sainmhínítear leanbh mar dhuine ar bith faoi bhun 18 mbliana d'aois nach bhfuil nó nach raibh pósta, chun críocha na dtreoirlínte seo.

D'fhoilsigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige an leagan de *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* atá i bhfeidhm faoi láthair in 2011, agus é ar fáil ag [www.dcy.gov.ie](http://www.dcy.gov.ie). Forbraíodh na treoirlínte seo a leanas don Chomhairle Oidhreachta agus an cás seo ann.

Tugadh cóip den Pholasaí seo um Chosaint Leanaí do gach ball foirne den Chomhairle Oidhreachta, idir bhuan agus shealadach. Tabharfar eolas do bhaill foirne nua a bheidh ag plé go díreach le leanaí ar an bpolasaí agus ar a bhfreagrachtaí agus iad á n-insealbhú. Caithfidh baill foirne a bhíonn ag plé go díreach le leanaí go rialta cóip d'Fhoirm Dearbhúcháin na Foirne ag Aguisíní 8 agus 9 a shíniú.

\*N.B. Nuair a úsáidtear na téarmaí 'Comhairle Oidhreachta' agus 'CO' sa doiciméad seo, baineann siad le gach duine a oibríonn ar son na Comhairle, ar thionscadail a bhaineann le teagmháil dhíreach le leanaí agus/nó daoine óga, lena n-áirítear foireann an CO, oibríthe deonacha agus Speisialtóirí cláraithe Oidhreachta sna Scoileanna, de réir mar is cuí.

## 2. Ráiteas Cosanta Leanaí

Is mian linne sa Chomhairle Oidhreachta a chinntiú go gcosnaítear leanaí chomh fada agus is féidir, fad is a bhíonn siad in éineacht le foireann na Comhairle ar bhealach ar bith. Féachaimid le timpeallacht agus eispéireas sábháilte a chur ar fáil, ina bhfuil leas an linbh/duine óig fiorthábhachtach. Cloifimid le moltaí *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí*, rud a bhí foilsithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Déanfaidh an Chomhairle Oidhreachta na bearta seo a leanas:

- Admhóidh sí go bhfuil sé de cheart ag leanaí go gcosnófaí iad, go léireofaí meas orthu, go n-éistfí leo agus go gcuirfí a dtuairimí féin san áireamh;
- Aithneoidh sí gur gá go dtugtar tús áite do leas leanaí i gcónaí, beag beann ar cheisteanna eile ar bith;
- Glacfaidh sí leis na cleachtais is sábháilte is féidir chun an fhéidearthacht díobhála nó timpistí do leanaí a íoslaghdú, agus chun oibrithe a chosaint ó ghá a bheith le rioscaí a ghlacadh agus iad a bheith i mbaol líomhaintí mí-úsáide nó faillí dá bharr;
- Forbróidh sí nósanna imeachta le freagra a thabhairt ar thimpistí agus gearáin;
- Cuirfidh sí oiliúint ar chosaint leanaí ar fáil d'oibrithe. Ba chóir go ndeimhneodh sé seo freagrachtaí na heagraíochta agus daoine aonair, agus go léireodh sé go soiléir na nósanna imeachta is gá a leanúint má mheastar go bhfuil mí-úsáid leanaí ar siúl;
- Comhoibriú le gníomhaireachtaí eile cúram agus cosanta leanaí agus le lucht gairmiúil, trí eolas cuí a roinnt nuair is gá, agus trí obair le chéile chun an toradh is fearr a bhaint amach do na leanaí atá i gceist;
- Cruthóidh sí naisc le heagraíochtaí bainteacha eile ar mhaithe le cosaint leanaí agus polasaithe/cleachtais leasa a chur chun cinn.

Is doiciméad atá á athrú go leanúnach é polasaí Cosanta Leanaí na Comhairle Oidhreachta. Déanfaidh an Chomhairle Oidhreachta measúnacht ar an bPolasaí go tréimhsiúil agus nithe amhail aiseolas a fuarthas, na cleachtais is fearr agus/nó athruithe ar bith ar reachtaíocht sa tréimhse sin á gcur san áireamh, agus déanfaidh sí leasú air dá réir.

Tabharfar cóip de Pholasaí na Comhairle Oidhreachta um Chosaint Leanaí do gach ball foirne, agus beidh sé ar fáil ar shuíomhanna gréasáin na Comhairle Oidhreachta chomh maith, [heritageinschools.ie](http://heritageinschools.ie) agus [heritageweek.ie](http://heritageweek.ie) san áireamh. Iarrtar ar Chinn Seirbhíse na nósanna imeachta a chur i gcuimhne don fhoireann go léir go rialta, agus míneofar an polasaí do gach ball foirne nua a bhféadfadh teagmháil rialta a bheith acu le leanaí. Cuirfear oiliúint ar fáil do bhaill foirne bainteacha agus do bhaill painéil Oidhreachta sna Scoileanna sa dá bhliain amach romhainn, de réir mar is gá.

### 3. Cód Cleachtais don Fhoireann agus do Speisialtóirí Oidhreachta sna Scoileanna.

Leanfaidh foireann na Comhairle Oidhreachta na dea-chleachtais oibre seo a leanas le cinntiú go bhfanann gach leanbh sábháilte agus go mbíonn idirghníomhú dearfach acu leis an gComhairle Oidhreachta, bíodh sé sin trí shocrúchán oibre, páirt a ghlacadh inár gclár oideachais, nó trí chuairteanna Oidhreachta sna Scoileanna. Caithfidh cur chuige atá dírithe ar leanaí a bheith ag duine ar bith a bhíonn ag obair ar son na Comhairle Oidhreachta, agus a bhíonn i dteagmháil le leanaí mar chuid dá lá oibre.

- Tabhair tús áite do leas agus sábháilteacht an linbh i gcónaí
- Caith go cothrom le gach leanbh agus duine óg mar dhaoine aonair, le meas agus dínit
- Cuir leanaí agus daoine óga san áireamh i gcinnteoireacht, de réir mar is cuí
- Úsáid an teanga chuí agus bí feasach maidir le teanga agus tráchtanna a dhéantar. Má cheapann tú gur ghlac leanbh/duine óg le rud a dúirt tú mar mhasla, nó gur chuir sé isteach air/uirthi, déan iarracht díriú air go hígair
- Meas a léiriú ar spás pearsanta linbh nó duine óig
- Tabhair treoir de réir do shampla féin agus bíodh iontaoibh le brath
- Bí eolach ar theorainneacha linbh nó duine óig, mar gheall ar riocht sláinte, mar shampla
- Tabhair spreagadh, tacaíocht agus aiseolas spreagúil/cuiditheach do leanaí seachas cáineadh diúltach a dhéanamh orthu
- Cinntiú go seachnaítear iompraíocht dhainséarach ar bith nó go gcuirtear deireadh léi

- Cinntiú go gcoinnítear sonraí pearsanta ar bith maidir le leanaí faoi rún
- Coinnigh taifead scríofa ar ghortú ar bith a tharla do leanbh, in éineacht le sonraí na córa leighis a cuireadh air
- Cinntigh go bhfuil bealaí soiléire cumarsáide ann agus teacht ar an bhfoireann/múinteoirí más mian le tuismitheoirí/caomhnóirí nó leanaí/daoine óga a mbuarthaí a chur in iúl má tá siad míshásta le rud ar bith.
- Maidir le gach ball foirne den Chomhairle Oidhreachta nó Speisialtóir Oidhreachta sna Scoileanna:
  - níor chóir dóibh duine óg amháin a thabhairt leo ina n-aonar ar turais amhail turais cairr. I gcás nach féidir seo a sheachaint, ba chóir é a dhéanamh le toiliú agus fios iomlán na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí.
  - Níor chóir dóibh obair ina n-aonar le leanbh ná duine óg. Níor chóir dóibh an iomarca ama a chaitheamh ina n-aonar le leanbh/duine óg amháin. I gcás gur gá do dhuine fásta bualadh le leanbh/duine óg ina (h)aonar, ba chóir an doras a fhágáil ar oscailt agus duine fásta eile a chur ar an eolas faoin gcruinniú.
  - Níor chóir go ndéanfadh ball foirne teagmháil fhisiceach gan ghá le duine óg, cé go mbíonn amanna ann, mar shampla, nuair a bheadh sé cuí lámh a leagan ar ghualainn linbh/duine óg atá trína chéile chun sólas a thabhairt dó/di. Níor chóir teagmháil fhisiceach a dhéanamh ach mar fhreagra ar riachtanais an linbh, agus ba chóir go mbeadh sé cuí d'aois agus leibhéal forbartha an linbh. Go ginearálta, ba chóir toiliú an linbh a lorg maidir le teagmháil fhisiceach (ach amháin i gcás éigeandála nó cás dainséarach).
  - níor chóir dóibh cumarsáid a dhéanamh le leanaí ar bhuail siad leo trína n-ionad oibre trí theachtaireachtaí téacs, Facebook ná meáin shóisialta eile. Ba chóir glaonna fóin ar fhóin póca phearsanta a sheachaint chomh maith.

Anuas air sin, ní bheidh duine ar bith a oibríonn don Chomhairle Oidhreachta á (h)iompar féin go míchuí mar seo a leanas choíche;

- Ná húsáid agus ná ceadaigh teanga fhisiceach agus/nó ó bhéal atá maslach nó gáirsiúil
- Ná déan leanbh/duine óg ar leith a thoghadh le haghaidh fabhraíocht, cáineadh, magadh éagothrom, nó fócas/aird gan fáilte
- Ná ceadaigh/ná déan leagan/teagmháil láimhe mhíchuí de chineál ar bith
- Ná buail agus ná ceartaigh leanaí/daoine óga go fhisiceach
- Ná fág leanaí ina n-aonar nó gan mhaoirseacht
- Ná himir tionchar míchuí ar leanbh ar mhaithe le tairbhe nó luaíocht phearsanta a bhaint amach.
- Ná fág líomhaintí atá déanta ag leanbh gan taifead
- Ná déan agus ná glac le glaonna/téacsanna príobháideacha nuair a bhíonn maoirseacht á déanamh agat ar ghníomhaíocht leanaí.
- Ná gabh in éineacht le leanbh isteach in áiseanna leithris

Má sháraítear ceann ar bith de na treoracha thuas, féachfar air sin mar shárú an Chóid Chleachtais, agus d'fhéadfaí tús a chur le himeachtaí araíonachta agus coiriúla mar gheall air. Ba chóir go dtuairisceodh duine ar bith a oibríonn ar son na Comhairle Oidhreachta buarthaí atá aige/aici faoi iompraíocht mhíchuí ar bith maidir le leanaí i scríbhinn, pé uair is bainteach, do Cheann Seirbhíse nó don POF.

#### 4. Gníomhaíochtaí Lasmuigh

Tá freagrachtaí breise ar an gComhairle Oidhreachta maidir le gníomhaíochtaí lasmuigh. Bíonn go leor uaireanta ann nuair a thugann an scéim Oidhreachta sna Scoileanna leanaí taobh amuigh lena múinteoirí/a dtuismitheoirí chun gníomhaíochtaí oideachais a dhéanamh.

Tá a bpolasaithe féin um chosaint leanaí i bhfeidhm ag gach aon scoil. Nuair a thugann sé/sí cuairt ar scoil ar leith, bíonn an Speisialtóir Oidhreachta sna Scoileanna faoi réir na bpolasaithe cosanta leanaí atá ag an scoil a d'hostaigh an Speisialtóir.

Ach caithfidh gach Speisialtóir an Fhoirm Dhearbhúcháin atá ag deireadh Aguisín 3 a shíniú, agus é/í ag dearbhú go bhfuil Polasaí na Comhairle Oidhreachta léite aige/aici, go gcomhaontaíonn sé/sí cloí leis, agus nach bhfuil fáth ar bith ar chóir é/í a mheas a bheith mí-oiriúnach d'obair le leanaí/daoine óga.

Caithfidh gach ball foirne nua a earcaítear go buan nó go sealadach a mbaineann teagmháil le leanaí lena gcuid oibre, caithfidh siad an Fhoirm Féindearbhúcháin ag Aguisín 9 a chomhlánú. Beidh gá le grinnfhiosrúchán na nGardaí a bheith déanta ar gach speisialtóir Oidhreachta sna Scoileanna agus ar bhaill foirne a bhfuil sé mar phríomhchúram orthu obair a dhéanamh le leanaí. Cabhróidh an Chomhairle Oidhreachta le hoiliúint a chur ar fáil don phearsanra bainteach.

#### 5. Treoirínte ar ghrianghraif a ghlacadh de leanaí

Tá roinnt fianaise ann go bhféadfaí grianghraif de leanaí a úsáid go míchuí. Mar sin, cloífidh duine ar bith a oibríonn ar son na Comhairle Oidhreachta leis na treoirínte seo a leanas.

- Iarrfar cead ón bpríomhchúramóir/múinteoir/tuismitheoir agus ó na leanaí má táthar ag iarraidh grianghraif a ghlacadh. Más mian leis an gComhairle Oidhreachta grianghraif de leanbh ar bith a úsáid ar chúiseanna cur chun cinn nó poiblíochta, déanfaidh siad teagmháil le tuismitheoirí an linbh ar dtús agus gheobhaidh siad cead scríofa.
- Ní ghlacfaidh duine ar bith a oibríonn ar son na Comhairle Oidhreachta grianghraif de leanaí ar chúis ar bith seachas cúiseanna sainithe oifigiúla.
- Ní luafar ainm linbh ar bith atá i ngrianghraif ar bith a úsáidfear le haghaidh cur chun cinn.
- Ní bhreithneofar ach íomhánna de leanaí ina bhfuil siad gléasta go hoiriúnach.
- Caithfear úsáid mhíchuí íomhánna leanaí a thuairisciú don TA ( *Teagmhálaí Ainmnithe* ) agus breathnófar air mar shárú Chód Cleachtais na Comhairle Oidhreachta agus seans go mbeidh imeachtaí araíonachta agus coiriúla mar thoradh air

#### 6. Ról an Teagmhálaí Ainmnithe

Is é an duine a bhfuil an fhreagracht deiridh air/uirthi as cur i bhfeidhm an Pholasaí um Chosaint Leanaí ná Ard-Rúnaí na Roinne. Ach cinnteoidh na Teagmhálaithe Ainmnithe sa Chomhairle Oidhreachta go gcuirfear Polasaí na Comhairle um Chosaint Leanaí chun cinn, agus tacóidh siad le cur i bhfeidhm an pholasaí. Tá sé mar fhreagracht ar an Teagmhálaí Ainmnithe chomh maith teagmháil a dhéanamh leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, nó leis an nGarda Síochána nuair is cuí.

Is iad Isabell Smyth, Ceann Cumarsáide agus Oideachais ([ismyth@heritagecouncil.ie](mailto:ismyth@heritagecouncil.ie) / 0567770777) agus Liam Scott, Ceann Gnó / Bainisteoir AD ([lscott@heritagecouncil.ie](mailto:lscott@heritagecouncil.ie) 0567770777) na

Teagmhálaithe Ainmnithe ag an gComhairle Oidhreachta, agus ba chóir teagmháil a dhéanamh leo siúd má tá fadhb agat nó buairt ar bith ort faoi ghné ar bith de shábháilteacht agus leas linbh nó duine óig i gcur i gcrích do dhualgais oibre, nó má thugann leanbh eolas duit faoi mhí-úsáid san ionad oibre.

## 7. **Mí-Úsáid Leanaí a Aithint**

Tarlaíonn mí-úsáid leanaí nuair a dhéanann iompraíocht duine a bhfuil níos mó cumhachta aige/aici ná an leanbh díobháil don leanbh. Ós rud é gur féidir leanaí a mhí-úsáid ar bhealaí éagsúla, ag an am céanna, uaireanta, ní bhíonn sé éasca í a chatagóiriú i gcónaí. Ach is féidir ceithre shainmhíniú leathana a bhreithniú, agus is féidir iad a achoimriú mar fhaillí, mí-úsáid mhothúchánach, mí-úsáid chorpártha agus mí-úsáid ghnéasach.

Tá sainmhíniú ar na ceithre chineál mí-úsáide agus ar an gcaoi le mí-úsáid a aithint san áireamh in Aguisíní 1 agus 2, rudaí atá bunaithe ar "Tús Áite do Leanaí – Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí". Ach is minic go mbíonn sé deacair faillí nó mí-úsáid leanaí a aithint agus d'fhéadfadh go leor cineálacha éagsúla di a bheith i gceist. Níor chóir breathnú ar tháscaire amháin mar chomhartha dochloíte mí-úsáide. Seans go dtugann sé dálaí eile seachas mí-úsáid leanaí le fios. Caithfear gach comhartha agus airí a scrúdú i gcomhthéacs chás agus cúinsí teaghlaigh an linbh.

B'ionann na samplaí seo a leanas agus cúis réasúnta bhuartha (*tógtha ón Lámhleabhar Cleachtais um Chosaint agus Leas Leanaí, Rannán 2.2*):

- Gortú nó iompraíocht atá ag teacht le mí-úsáid, agus míniú neamhurchóideach nuair atá táscairí comhthacaíocha ann a thacaíonn leis an mbuairt go bhféadfadh cás mí-úsáide a bheith i gceist.
- Comhartha comhsheasmhach ann ar feadh tamaill go bhfuil leanbh thíos le faillí mhothúchánach nó fhisiceach
- Admháil nó comharthú mí-úsáide líomhnaithe ag duine éigin.
- Leanbh ag tabhairt le fios go sonrach gur baineadh mí-úsáid as/aisti.
- Cuntas ó dhuine a chonaic an leanbh á m(h)í-úsáid.
- Fianaise amhail gortú nó iompraíocht atá ag teacht le mí-úsáid, agus nár dhócha gur tharla sé ar bhealach ar bith eile.

D'fhéadfadh an cumas mí-úsáid leanaí a aithint a bheith ag brath chomh mór ar thoilteanas duine glacadh leis an bhféidearthacht go bhfuil sí á déanamh is atá sé ar an eolas agus an fhaisnéis atá aige/aici. Is gnách go mbíonn trí chéim i gceist le mí-úsáid leanaí a aithint:

- (a) an fhéidearthacht a bhreithniú,
- (b) comharthaí mí-úsáide a lorg,
- (c) eolas a thaifeadadh.

### **Féidearthacht mí-úsáide leanaí a bhreithniú**

Ba chóir an fhéidearthacht go bhfuil mí-úsáid leanaí ar siúl a bhreithniú má tá an chuma air gur gortaíodh leanbh go hamhrasta agus nach féidir é a mhíniú go réasúnta. Ba chóir í a bhreithniú chomh maith má tá an chuma ar an leanbh go bhfuil sé/sí trína chéile gan fáth soiléir, nó má tá fadhbanna comhsheasmhacha nó nua iompraíochta aige/aici. Ba chóir an seans go bhfuil mí-úsáid ar siúl a bhreithniú chomh maith má bhíonn an leanbh á (h)iompar féin go haisteach nó go heaglach i leith tuismitheoirí/cúramóirí.



### **Comharthaí mí-úsáide a lorg**

D'fhéadfadh comharthaí mí-úsáide fisiceacha, iompraíocha nó forbarthacha a bheith i gceist. D'fhéadfaidís a bheith sa chaidreamh idir leanaí agus tuismitheoirí/cúramóirí, idir leanaí agus daoine eile dá muintir/daoine eile agus i measc a bpiaraí. Is maith an seans gur comhartha níos mó ar mhí-úsáid é braisle nó pátrún comharthaí. D'fhéadfadh leanaí atá á mí-úsáid nod a thabhairt go bhfuil díobháil á déanamh dóibh agus nochtann siad eolas go díreach uaireanta. Ba chóir cásanna nochta a chreidiúint i gcónaí. Ní bhíonn an chuid is mó comharthaí mí-úsáide saintréitheach, agus caithfear iad a bhreithniú i gcomhthéacs sóisialta agus teaghlach an linbh. Bíonn sé tábhachtach a bheith toilteanach i gcónaí glacadh le míniúcháin eile ar chomharthaí fisiceacha nó iompraíocha mí-úsáide. Seans go mbeidh gá le measúnú speisialtóra, uaireanta, le deimhniú an ionann buarthaí ar leith agus mí-úsáid.

### **Eolas a Thaifeadadh**

Má mheastar go bhfuil mí-úsáid ar siúl, ta sé tábhachtach cúis an bhuartha a dhearbhu tríd an oiread eolais mhionsonraithe a fháil agus is féidir. Ba chóir breathnuithe a thaifeadadh go cruinn agus ba chóir go gcuimseoidís dátaí, amanna, ainmneacha, suíomhanna, comhthéacs agus eolas eile ar bith a d'fhéadfadh a bheith bainteach. Ba chóir an t-eolas seo a chur in iúl don TA chomh luath agus is féidir agus gan mhoill. Déanfaidh an TA gníomh riachtanach leantach ar bith is gá. Beidh taifid coinnithe go lárnach ag na TAnna.

Má tá buarthaí ar bith ar bhall foirne nach leor iad, mar shampla amháin, mar chúis réasúnta bhuartha, ach go bhféadfadh buairt chosanta nó leas leanaí a bheith i gceist leo má chuirtear iad le factóirí eile de réir a chéile, ba chóir dó/di teagmháil a dhéanamh le duine de TAnna na Comhairle Oidhreachta, duine a chothabhálfadh na taifid agus a dhéanfaidh athbhreithniú i gcomhairle leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, de réir mar is gá.

***Maidir le Speisialtóir Oidhreachta sna Scoileanna, bíonn an cás céanna i gceist, agus ní mór buarthaí ar bith a chur in iúl mar atá luaite thuas d'oifigeach TA na scoile ar a mbeidh an chuairt á tabhairt, duine a bhfuil an phríomhfhreagracht air/uirthi as leas leanaí sa scoil.***

### **8. Mí-úsáid leanaí a nochtadh**

Is mó an seans go mbeidh a fhios againn sa Chomhairle Oidhreachta faoi chás mí-úsáide má insíonn leanbh dúinn faoi. Tá sé riachtanach go bpléifeadh duine ar bith atá ag obair ar son na Comhairle Oidhreachta leis seo go híogair agus go gairmiúil. Seo a leanas treoirínte le tacú leis an oibrí leis seo:

- Pléigh leis go socair - tabhair go leor ama don leanbh le ligean dó/di an méid is mian leis/léi a rá a chur in iúl
- Éist go cúramach agus go haireach; glac go dáiríre leis an duine óg
- Cuir an duine óg ar a s(h)uaimhneas trína rá leis/léi go bhfuil an gníomh ceart déanta aige/aici labhairt leat agus nach bhfuil an locht air/uirthi
- Bíodh sé mar sprioc 'rúndacht bhreathnaithe' a chinntiú, is é sin, nuair a fheiceann finné go bhfuil tú ag labhairt leis an leanbh, ach nach bhfuil sibh le cloisteáil
- Ná bí ag tabhairt breithiúnais
- Ná geall go gcoinneoidh tú rud ar bith faoi rún; agus ná déan gealltanais ar bith eile
- Cuir ceisteanna ar mhaithe le deimhniú amháin, agus ná cuir treoircheisteanna
- Ná bí ag tuairimíocht agus ná déan talamh slán de rud ar bith
- Déan seiceáil arís leis an leanbh/duine óg go bhfuil an méid a chuala tú ceart agus tuigte ina f(h)ocail féin
- Ná cuir tuairimí ar bith in iúl faoin mí-úsáideoir líomhnaithe

- Déan an comhrá a thairfeadh chomh luath agus is féidir, agus chomh mionsonraithe agus is féidir. Sínigh agus dátaigh an tairfeadh
- Cinntigh go dtuigeann an leanbh/an duine óg na nósanna imeachta a bheidh mar thoradh air seo
- Bí macánta leis an leanbh faoin méid is féidir linn agus nach féidir linn a dhéanamh. Inis dó/di nach féidir linn rúin a choinneáil, agus abair leis/léi céard a tharlóidh ina dhiaidh sin
- Ná tabhair aghaidh ar an duine a bhfuil líomhain déanta ina c(h)oinne
- Cuir an t-eolas ar aghaidh go dtí an Teagmhálaí Ainmnithe (i gcás Speisialtóirí Oidhreachta sna Scoileanna, chuig TA na scoile) agus i gcás fhoireann an CO, chuig TA an CO, mar atá luaite thuas. Tá sé tábhachtach nach ndéanfadh foireann an CO iarracht dul i ngleic leis an bhfadhb ina n-aonar
- Ba chóir na bearta thuas go léir a dhéanamh gan mhoill mhíchúí, fad is nach gcuirtear as do chríochnúlacht an phróisis.

**Má cheaptar go bhfuil mí-úsáid ar siúl nó má nochtar mí-úsáid is é an rud is tábhachtaí ná nach ndéanfa faic.**

### **9. Freagracht mí-úsáid amhrasta nó iarbhír leanaí a thuirisciú**

Duine ar bith a mheasann go raibh/go bhfuil mí-úsáid á baint as leanbh, nó go bhfuil sé/sí i mbaol mí-úsáide, tá sé de fhreagracht agus de dhualgas cúraim air/uirthi a b(h)uarthaí a thuirisciú don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, go díreach, nó trí na Teagmhálaithe Ainmnithe. Ba chóir buairt faoi bhaol féideartha duine ar leith do leanaí, fiú mura bhfuil na leanaí ar aithne, ba chóir í a chur in iúl don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach chomh maith, go díreach, nó trí na Teagmhálaithe Ainmnithe.

Is iad na treoirphrionsabail maidir le mí-úsáid leanaí a thuirisciú ná gur gá go mbíonn sábháilteacht agus leas an linbh nó an duine óig mar thosaíocht. Caithfear gach leanbh a chosaint ar riosca gan ghá.

Tuirisceofar mí-úsáid amhrasta sa Chomhairle Oidhreachta láithreach do dhuine amháin de na **Teagmhálaithe Ainmnithe atá liostaithe thíos**(féach ar Rannán 6, le do thoil).

Is iad **Isabell Smyth, Ceann Cumarsáide agus Oideachais** ([ismyth@heritagecouncil.ie](mailto:ismyth@heritagecouncil.ie) / 0567770777) agus **Liam Scott, Ceann Gnó / Bainisteoir AD** ([lscott@heritagecouncil.ie](mailto:lscott@heritagecouncil.ie) 0567770777) na Teagmhálaithe Ainmnithe ag an gComhairle Oidhreachta.

I gcás Speisialtóirí Oidhreachta sna Scoileanna, tá a TA (Teagmhálaithe Ainmnithe) féin ag gach scoil.

### **10. Nós imeachta tuairiscithe maidir le mí-úsáid leanaí**

Tá nós imeachta caighdeánach tuairiscithe curtha i bhfeidhm ag an gComhairle Oidhreachta le déileáil le nochtadh, buarthaí nó líomhaintí mí-úsáide leanaí. Caithfear tús áite a thabhairt do shábháilteacht agus leas an linbh. Is é an nós imeachta caighdeánach tuairiscithe atá ann le déileáil le nochtadh, buarthaí nó líomhaintí mí-úsáide leanaí ná an ceann sin atá leagtha amach in *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí*.

1. Ba chóir don Speisialtóir Oidhreachta sna Scoileanna ar nochtadh mí-úsáid leanaí dó/di, nó a bhfuil buarthaí air/uirthi faoi mhí-úsáid, ba chóir dó/di seo a chur ar a shúile do Theagmhálaí Ainmnithe na Scoile láithreach.

2. Ba chóir don fostaí den CO ar nochtadh mí-úsáid leanáí dó/di, nó a bhfuil buarthaí air/uirthi faoi mhí-úsáid, ba chóir dó/di seo a chur ar a shúile do dhuine amháin de bheirt Teagmhálaithe Ainmnithe na Comhairle Oidhreachta láithreach.
3. Tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios ag na daoine go léir a bhíonn ag obair ar son na Comhairle Oidhreachta nach bhfuil an duine a d'aimsigh an cas mí-úsáide líomhnaithe nó amhrasta ar dtús freagrach as cinneadh a dhéanamh ar cé acu ar tharla nó nár tharla mí-úsáid. Seo tasc don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus don Gharda Síochána. Níor chóir do Speisialtóir OSS ar bith/ball foirne ar bith den CO iarracht a dhéanamh dul i ngleic leis an bhfadhb mhí-úsáide ina (h)aonar i gcás ar bith.
4. Beidh ar an Speisialtóir OSS/fostaí sin den CO a chuir a b(h)uairt in iúl ar dtús tuairisc a dhéanamh, i gcomhairle leis na Teagmhálaithe Ainmnithe cuí, agus é/í ag cur síos ar an gcás, lena n-áirítear an dáta, an t-am agus na daoine a bhí i gceist. Ba chóir go mbeadh fíricí sa tuairisc. Ba chóir tuairimí ar bith a lua amhlaidh, agus tacú leo le heolas fíorasach. Ba chóir Foirm Chaighdeánach Thuairisce a úsáid nuair a bhíonn buarthaí leas agus cosanta leanáí á dtuairisciú don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Tá an fhoirm chaighdeánach seo in Aguisín 4.
5. Déanfaidh an Teagmhálaí Ainmnithe athbhreithniú ar an eolas a cuireadh ar fáil le cinntiú gur bailíodh an t-eolas bainteach go léir. Déanfaidh sé/sí teagmháil leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach chun comhairle neamhfhoirmiúil a fháil gan mhoill maidir leis an líomhain, buairt nó nochtadh, nuair is gá sin.
6. Beidh dhá rogha ag an Teagmhálaí Ainmnithe ansin:
  - a. An líomhain, buairt nó nochtadh a thuairisciú go foirmiúil don Ghníomhaireacht um Leanaí agus Teaghlach nó
  - b. Gan tuairisc fhoirmiúil a dhéanamh don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, ach taifid a choinneáil i gcomhad faoi na buarthaí. Déanfar taifead soiléir de na cúiseanna nár tuairiscíodh an líomhain, buairt nó nochtadh. Cuirfear an Speisialtóir OSS / den CO a rinne an chéad tuairisc ar an eolas i scríbhinn mura bhfuil tuairisc fhoirmiúil á déanamh don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, agus tá cead aige/aici tuairisc fhoirmiúil a sheoladh é/í féin go díreach chuig an údarás bainteach, má mheasann sé/sí go bhfuil gá leis sin. Beidh forálacha an Achta um Chosaint do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998, i bhfeidhm.

Tá sé tábhachtach go mbíonn tuairiscí déanta don Ghíomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach gan mhoill.

7. I gcás go ndéantar tuairisc fhoirmiúil, is maith an seans go mbeidh an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach ag iarraidh labhairt leis an duine a rinne an tuairisc ar dtús chun fíricí agus cúinsí na tuairisce a shoiléiriú.
8. I gcás éigeandáil iar-ama, ba chóir tuairisciú go díreach don Gharda Síochána. Agus tuairisc á déanamh ar mhí-úsáid amhrasta nó iarbhir leanáí, caithfidh an duine a chinntiú gurb iad sábháilteacht agus leas an duine óig an phríomhthosaíocht i gcónaí, agus nach bhfágtar duine óg ar bith i gcás nach bhfuil sábháilte ag am ar bith. Cuirfear tuismitheoirí/caomhnóirí an linbh ar an eolas faoin líomhain, buairt nó nochtadh eolais, ach amháin más dócha gur bhaol don leanbh é a leithéid a dhéanamh.

Caithfear freagra a thabhairt ar bhúairt nó amhras réasúnta ar bith faoi mhí-úsáid nó faillí. Má thugtar neamhaird ar na comharthaí nó mura ndéantar idirghabháil, d'fhéadfadh tuilleadh díobhála tarlú don leanbh. Má theipeann ar dhuine gníomhú, d'fhéadfaí é/í a chúiseamh go coiriúil faoi Alt 176 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006, rud a thug cúiseamh coiriúil isteach maidir le cur i mbaol meargánta leanáí.

## **Cásanna nach dtuairiscítear do FSS ná don Gharda Síochána**

I gcásanna go gcinneann an Roinn gan buarthaí a thuairisciú don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach ná don Gharda Síochána, tabharfar ráiteas soiléir scríofa don fhostaí nó don oibrí deonach a chuir a b(h)uairt in iúl, agus é ag cur síos ar na fáthanna nach bhfuil a leithéid de ghníomh á dhéanamh ag an Roinn. Déarfar leis an bhfostaí/oibrí deonach go bhfuil cead aige/aici mar dhuine aonair dul i gcomhairle le, nó tuairisc a dhéanamh don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach nó don Gharda Síochána má tá sé/sí buartha faoin gcás go fóill. Bíonn forálacha an Achta um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998, i bhfeidhm tar éis dó/di cumarsáid a dhéanamh 'go réasúnach agus de mheon macánta'.

### **Nochtadh cúlghabhálach ag daoine fásta**

Tá líon méadaitheach daoine fásta ag nochtadh mí-úsáide a tharla dóibh le linn a n-óige. I gcás go bhfuil céannacht an duine a bhfuil mí-úsáid curtha ina leith nó an íospartaigh líomhnaithe ar eolas, ba chóir go rachadh an tseirbhís i gcomhairle i gcónaí leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach chun plé a dhéanamh ar cé acu ar chóir nó nár chóir tuairisc a dhéanamh. Pé uair is cuí, ba chóir tuairisciú a dhéanamh don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach gan mhoill, go díreach, nó trí na Teagmhálaithe Ainmnithe.

#### **11. Rúndacht**

Ní ligfear do chúrsaí rúndachta ceart an linbh chun cosanta a shárú. Beidh leas an linbh mar phríomhthosaíocht. Ní sárú rúndachta ná cosanta sonraí é eolas a thabhairt a thacaíonn le cosaint linbh.

Mar sin, i gcás mí-úsáid leanaí, níor chóir do Speisialtóir OSS/fostaí den CO gealladh go gcoinneofar eolas ar bith a nochtadh faoi rún i gcás ar bith. Ba chóir a mhíniú don duine óg nach féidir an t-eolas seo a choinneáil faoi rún, ach nach nochtfar é ach do na daoine sin ar gá an t-eolas a bheith acu.

Tá sé riachtanach nuair a bhíonn cásanna mí-úsáide líomhnaithe/amhrasta ar bith á dtuairisciú go mbíonn príonsabal na rúndachta i bhfeidhm. Níor chóir an t-eolas a roinnt ach leis na daoine ar gá é a bheith ar eolas acu, agus ba chóir an líon seo daoine a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

Ba chóir buarthaí faoi leanbh a thuairiscítear go hanaithnid a fhiosrú go hiomlán i gcomhréir le nósanna imeachta caighdeánacha FSS. Má rinneadh an tuairisc trí thríú páirtí, ba chóir iarraidh ar an duine atá mar idirghabhálaí teagmháil a éascú idir an duine bunaidh a thuairiscigh an bhúairt agus an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Ach mura mbíonn an teagmháil éascaithe, caithfear na buarthaí a tuairiscíodh tríd an tríú páirtí a thuairisciú don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

Beidh taifid maidir le buarthaí faoi chosaint agus leas leanaí coinnithe go slán agus cothabhálte ag na Teagmhálaithe Ainmnithe. Comhoibreoidh an Roinn leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach trí roinnt a dtaifead nuair a thagann ceist leas nó cosanta linbh aníos. Tá an Roinn tiomanta do fhreastal ar chruinnithe foirmiúla faoi chosaint agus leas leanaí agus eolas a roinnt, de réir mar is gá, mar a bhíonn eagraithe ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach i. Comhdhálacha agus Cruinnithe Straitéiseacha faoi Chosaint Leanaí.

### **An tAcht um Chosaint Daoine a Thuairiscíonn Mí-Úsáid Leanaí, 1998**

Cuireann an tAcht seo díolúine ó dhliteanas sibhialta agus ó phionós fostóra ar fáil do dhaoine a thuairiscíonn mí-úsáid leanaí 'go réasúnach agus de mheon macánta' do na hOifigigh Ainmnithe sa Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, nó don Gharda Síochána. (Féach Aguisín 6.)

## 12. Nósanna Imeachta maidir le Líomhaintí in aghaidh Speisialtóirí Oidhreachta sna Scoileanna agus Baill Foirne

Má dhéantar líomhain in aghaidh duine ar bith a oibríonn ar son na Comhairle Oidhreachta nó má mheasann ball foirne den CO go bhfuil iompraíocht mhíchuí ar siúl ag ball foirne eile i dtreo linbh, nó go bhfuil sé/sí ag mí-úsáid linbh, is é cosaint an linbh/an duine óig an chéad tosaíocht agus an beart is tábhachtaí. Is é an chéad tosaíocht ná a chinntiú nach bhfuil leanbh ar bith nochta do riosca gan ghá. Ba chóir go ndéanfaidh an Chomhairle Oidhreachta bearta cosanta riachtanacha ar bith mar bheart práinne (Aguisín 7). Ba chóir go mbeadh na bearta ar aon dul le leibhéal an riosca, agus níor chóir dóibh pionós míréasúnta a chur ar dhuine ar bith a bhfuil obair ar siúl aige/aici ar son na Comhairle Oidhreachta, i bhfoirm airgeadais nó eile, ach amháin más gá sin chun leanaí a chosaint. I gcásanna go bhfuil pionós i gceist le bearta cosanta, tá sé tábhachtach go ndéanfar breithniú luath ar an gcás.

Má dhéantar gearán mí-úsáide faoi bhall foirne, beidh dhá shnáithe i gceist leis na nósanna imeachta.

Beidh tuairisciú na mí-úsáide leanaí mar an gcéanna le Rannán 11 thuas (Speisialtóir OSS/Ball foirne den CO → Teagmhálaí Ainmnithe → an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach). Ach déanfar imscrúdú chomh maith ar an mí-úsáid líomhnaithe. Déanta na fírinne, d'fhéadfadh trí imscrúdú a bheith i gceist:

1. imscrúdú inmheánach ag na Scoileanna nó ag an gComhairle Oidhreachta de réir mar is bainteach
2. imscrúdú ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
3. agus imscrúdú féideartha coiriúil ag na Gardaí.

Stiúrfaidh Bainisteoir AD na Comhairle Oidhreachta imscrúdú na Comhairle Oidhreachta ar an mí-úsáid líomhnaithe ag ball foirne den CO. Déanfar an t-imscrúdú seo go sciobtha agus go cúramach. Rachaidh an Bainisteoir AD i gcomhairle leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus leis an nGarda Síochána le cinntiú nach gcuirfidh sé/sí isteach ar imscrúdú go neamhbheartaithe.

Caithfear cuimhneamh go bhféadfaí líomhaintí earráideacha nó mailíseacha a dhéanamh in aghaidh Speisialtóirí OSS/baill foirne den CO. Mar sin, caithfear plé go leochaileach le líomhain mhí-úsáide ar bith, agus ba chóir tacaíocht a chur ar fáil, in éineacht le comhairleoireacht, más gá sin. Cé gur gá gurb é an phríomhsprioc ná an leanbh a chosaint, féachfar le cinntiú go gcaithfear go cóir leis an bhfostaí.

Chomh luath is a dhéantar líomhain in aghaidh Speisialtóirí OSS/baill foirne den CO, leanfar na céimeanna seo a leanas:

1. Déanfaidh an duine atá ag déanamh na líomhna tuairisc scríofa do Bhainisteoir AD (agus TA) na Comhairle Oidhreachta
2. Leanfar na nósanna imeachta tuairiscithe a bhfuil cur síos orthu i Rannán 11 de na treoirlínte seo.
3. Agus iad ag gníomhú, beidh Bainisteoir AD (agus TA) na Comhairle Oidhreachta á dtreorú ag na nósanna imeachta comhaontaithe, an Conradh fostaíochta is infheidhme agus rialacha an cheartais aiceanta.
4. Cuirfidh Bainisteoir AD (agus TA) na Comhairle Oidhreachta an fostaí ar an eolas go príobháideach faoin méid seo a leanas;

- (i) go ndearna líomhain ina c(h)oinne;
  - (ii) cineál na líomhna.
5. Tabharfar deis don fhostaí freagra a thabhairt, agus roinnfear an freagra seo leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach i gcás go bhfuil tuairisc déanta/á déanamh.
  6. Déanfaidh Bainisteoir AD an CO bearta riachtanacha cosantacha ar bith mar bheart práinne, le cinntiú nach nochtar leanbh ar bith do riosca gan ghá. Beidh na bearta seo ar aon dul le leibhéal an riosca, agus ní chuirfidh siad pionós míréasúnta ar an bhfostaí, bíodh pionós airgeadais nó eile i gceist.
  7. Fiosróidh Bainisteoir AD an CO an líomhain mhí-úsáide in aghaidh an fhostaí i gcomhairle leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus/nó An Garda Síochána, agus cinnteoidh sé/sí nach mbainfidh gníomh ar bith a dhéanfar an bonn d'imscrúduithe ar bith atá ar siúl ag na comhlachtaí seo. Cuirfear tuismitheoirí an linbh atá i gceist ar an eolas chomh luath agus is féidir, agus cúram á dhéanamh chomh maith chun cearta an fhostaí a chosaint. Beidh gach céim den phróiseas taifeadta ag an bPearsanra.

Tá pointí tagartha obair shóisialta na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach ar taispeáint in Aguisín 5. Níl an t-eolas teagmhála seo chun leas an Teagmhálaí Ainmnithe amháin; ach i gcásanna nuair nach bhfuil an Teagmhálaí Ainmnithe ar fáil chomh maith.

**Líomhaintí Mailíseacha:** Má fhaightear amach go bhfuil maíomh mailíseach déanta ag duine de mhuintir an phobail, cuirfear an cás ar aghaidh go dtí na húdaráis bhainteacha. Má fhaightear amach go bhfuil maíomh mailíseach déanta ag Speisialtóir OSS nó ag ball foirne den CO, cuirfear tús leis an bpróiseas araíonachta agus déanfar gníomh riachtanach de réir mar is cuí.

Beidh gach taifead a bhaineann le líomhaintí ar bhail foirne coinnithe go slán ag an Rannóg AD/Pearsanra.

### **13. Nósanna imeachta molta le haghaidh daoine a bhfuil sé curtha ina leith gur sháraigh siad treoirínte**

Má chuirtear mí-úsáid i do leith, agus faoi réir na nósanna imeachta thuas, moltar duit na pointí seo a leanas a leanúint:

- Déan nótaí de do theagmháil / gníomhartha go léir leis an leanbh atá i gceist chomh luath agus is féidir.
- Téigh ar lorg comhairle gairmiúla nó dlí.
- Cinntigh nach bhfuil aon teagmháil agat leis an leanbh atá i gceist a thuilleadh.

### **14. Nósanna Imeachta Timpiste**

Má tharlaíonn timpiste do leanbh (nó do dhuine fásta) fad is atá sé/sí faoi chúram na Comhairle Oidhreachta, tá sé tábhachtach plé go hinniúil leis an gcás, ach é a thuairisciú agus a thaifeadadh i gceart chomh maith. Ba chóir na céimeanna seo a leanas a leanúint:

- Ba chóir do bheirt fhásta fanacht leis an leanbh gortaithe, más féidir. Ach seans go mbeidh gá le leanaí eile a bhaint den láthair, agus seans nach mbeifear in ann beirt fhásta a fháil le bheith i láthair i gcónaí.
- Ba chóir Garchabhair a thabhairt mar is cuí, má tá duine inniúil ar fáil, agus ba chóir í a dhéanamh i láthair duine fhásta eile mar an gcleachtas is fearr.
- Ba chóir otharcharr nó seirbhís éigeandála eile a iarraidh, más gá, amhail tarrtháil aille agus sléibhe (dialigh 999 nó 112). Sa mhéid is gur féidir, beidh ar an duine atá ag glaoch ar chabhair an oiread eolais achomair a chur in iúl do na seirbhísí éigeandála agus is féidir, amhail cineál an

ghortaithe agus stair leighis, má tá a leithéid ar eolas. Ba chóir dó/di fanacht in aice leis an bhfón le glao ar ais a fhreagairt, rud a dheimhneoidh an t-iarratas. Caithfidh Speisialtóir OSS/Bail Foirne den CO a bheith feasach ar an bhfón is gaire an t-am go léir. Má táthar ag bogadh i bhfad ón bhfón, ba chóir fón póca nó raidió a thabhairt.

- Nuair a bheidh an leanbh gortaithe cobhsaithe agus/nó tógtha ón suíomh ag an otharcharr, is gá teagmháil a dhéanamh leis na tuismitheoirí / cúramóirí. Go praiticiúil, i gcás Speisialtóirí OSS, déanfar seo tríd an scoil.
- Caithfear tuairisc mhionsonraithe a chomhdú leis an scoil agus le TA na Comhairle Oidhreachta díreach i ndiaidh an teagmhais.

### **15. Nós Imeachta Gearán don Fhoireann, Tuismitheoirí agus Leanaí**

Más mian le ball foirne, múinteoir, tuismitheoir nó leanbh gearán a dhéanamh faoin gcaoi a bhfuil Polasaí na Comhairle Oidhreachta um Chosaint Leanaí á chur i bhfeidhm, nó má mheastar gur sháraigh Speisialtóir OSS/ball foirne den CO an Cód Cleachtais, is féidir gearán a dhéanamh, rud is fearr a dhéanamh i scríbhinn, chuig duine amháin de Theagmhálaithe Ainmnithe na Comhairle Oidhreachta. Má tá gearán á dhéanamh ag leanbh, is féidir seo a dhéanamh ó bhéal le Speisialtóir OSS ar bith / ball foirne ar bith den CO, agus déanfaidh an duine sin teagmháil leis an Teagmhálaí Ainmnithe ansin i scríbhinn maidir le sonraí an ghearáin.

Beidh an Teagmhálaí Ainmnithe ag plé leis an ngearán, agus rachaidh an duine sin i gcomhairle le AD agus/nó FSS, de réir mar is gá. Pléifear leis an ngearán go pras agus go hígair, agus coinneofar gearánaigh ar an eolas ag gach céim den phróiseas.

#### **Tá sonraí teagmhála Teagmhálaithe Ainmnithe na Comhairle Oidhreachta liostaithe thíos:**

Amanda Ryan le haghaidh Speisialtóirí Oidhreachta sna Scoileanna  
Bainisteoir Oidhreachta sna Scoileanna  
An Chomhairle Oidhreachta  
Lána an Teampaill  
Cill Chainnigh  
Teil: 0567770777  
Ríomhphost: [Aryan@heritagecouncil.ie](mailto:Aryan@heritagecouncil.ie)

Isabell Smyth  
Ceann Oideachais agus Cumarsáide  
An Chomhairle Oidhreachta  
Lána an Teampaill  
Cill Chainnigh  
Teil: 0567770777  
Ríomhphost: [ismyth@heritagecouncil.ie](mailto:ismyth@heritagecouncil.ie)

Liam Scott  
Ceann Gnó  
Bainisteoir AD  
An Chomhairle Oidhreachta  
Lána an Teampaill  
Cill Chainnigh  
Teil: 0567770777  
Ríomhphost: [lscott@heritagecouncil.ie](mailto:lscott@heritagecouncil.ie)

Maidir le gearáin faoi ghné ar bith eile de sheirbhís na Comhairle Oidhreachta, déan teagmháil dhíreach leis an gComhairle Oidhreachta, le do thoil. ???



## Aguisín 1

### Mí-Úsáid Leanaí a Shainmhíniú agus a Aithint (Tús Áite do Leanaí; Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2011)

#### Cineálacha mí-úsáide leanaí

Is féidir mí-úsáid leanaí a chatagóiriú i gceithre chineál éagsúla: faillí, mí-úsáid mhothúchánach, mí-úsáid chorpartha agus mí-úsáid ghnéasach. D'fhéadfadh breis is cineál amháin mí-úsáide a bheith á baint as leanbh ag aon am amháin. Tá tuilleadh sonraí ar gach cineál mí-úsáide tugtha in Aguisín 2.

Sa doiciméad *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí*, is ionann 'leanbh' agus duine atá faoi bhun 18 bliana d'aois, gan duine atá, nó a bhí pósta san áireamh.

#### 'Faillí' a shainmhíniú

Is féidir faillí a shainmhíniú mar *neamhghníomh*, is é sin, nuair a dhéantar díobháil nó lagú suntasach d'fhorbairt an linbh trí bhia, éadaí, téamh, sláinteachas, spreagadh intleachta, maoirseacht agus sábháilteacht, ceangal le agus cion ó dhaoine fásta, agus/nó cúram leighis a choinneáil uaidh/uaithi.

Is féidir cur síos ar dhíobháil mar dhrochíde do, nó lagú sláinte nó forbairt linbh. Bíonn a *suntas* faoi réir shláinte agus forbairt an linbh, i gcomparáid leis an gcaoi a mbeadh leanbh eile den aois chéanna.

Is gnách go mbíonn faillí tugtha faoi deara ar bhealaí éagsúla *thar thréimhse ama* seachas pointe ama ar leith. Mar shampla, b'fhéidir nach bhfuiltear ag freastal ar riachtanais linbh a gortaíodh go measartha ag uaireanta éagsúla as a chéile ó thaobh maoirseacht agus sábháilteacht riachtanach de. Seans nach bhfuil cothú imleor á thabhairt do leanbh a bhfuil a (h)airde nó a m(h)éachan i bhfad faoi bhun an mheáin. Seans nach bhfuil spreagadh intleachta á fháil ag leanbh a bhíonn as láthair ó scoil go comhsheasmhach.

Baintear *tairseach díobhála suntasaí* amach nuair a dhéantar faillí i riachtanais linbh an oiread sin go bhfuil tionchar trom á imirt ar a leas agus/nó a f(h)orbairt.

#### Sainmhíniú ar 'mhí-úsáid mhothúchánach'

Is gnách go mbíonn mí-úsáid mhothúchánach i gceist sa *chaidreamh* idir tuismitheoir/cúramóir agus leanbh seachas eachtra nó pátrún eachtraí ar leith. Tarlaíonn sí nuair nach bhfreastalaítear ar riachtanas forbarthach ceana, formheasa, comhsheasmhachta agus slándála linbh. Ach amháin sa chás go bhfuil cineálacha eile mí-úsáide ar siúl, is annamh go mbíonn sí le tabhairt faoi deara mar chomharthaí nó airíonna fisiceacha. Ar na samplaí a d'fhéadfadh a bheith ann, tá:

- (i) comharthaí sóirt diúltacha á dtabhairt ar leanbh, agus sin á dhéanamh trí cháineadh, géarchaint, naimhdeas nó lochtú leanúnach;
- (ii) tuistiú coinníollach, nuair a bhíonn an oiread cúraim a thugtar don leanbh ag brath ar a (h)iompraíocht nó a g(h)níomhartha;
- (iii) tuismitheoir/cúramóir nach bhfuil ar fáil go mothúchánach don leanbh;
- (iv) neamhfhreagúlacht an tuismitheora/an chúramóra agus/nó ionchais neamhréireacha nó mhíchúí i leith an linbh;
- (v) leagan freagrachta ar an leanbh go róluath;
- (vi) ionchais neamhréalaíocha nó mhíchúí maidir le cumas an linbh rud a thuiscint, nó é/í féin a iompar agus a rialú ar bhealach áirithe;
- (vii) gannchosaint nó róchosaint an linbh;
- (viii) teip suim a léiriú i, nó deiseanna atá oiriúnach dá (h)aois a chur ar fáil le haghaidh forbairt chognaíoch agus mhothúchánach an linbh;
- (ix) bearta araíonachta míréasúnta nó ródhian á ndéanamh;
- (x) nochtadh d'fhoréigean baile;

(xi) nochtadh d'ábhar míchuí nó mí-úsáideach trí theicneolaíocht nua.

D'fhéadfadh mí-úsáid mhothúchánach a bheith le tabhairt faoi deara i bhfeidhmiú iompraíochta, cognaíoch, mothachtálach nó fisiceach an linbh. Samplaí díobh seo ná ceangal neamhshlán, míshonas, lagmheas air/uirthi féin, tearcghnóthachtáil oideachais agus forbartha, agus iompraíocht fhreasúrach. Baintear amach *tairseach* na *díobhála suntasaí* nuair a bhíonn idirghníomhuithe mí-úsáideacha i gceist go príomha, agus go mbíonn siad mar *ghnáthdhálaí* an chaidrimh idir an leanbh agus an tuismitheoir/cúramóir.

### Mí-úsáid chorpartha' a shainmhíniú

'Is ionann mí-úsáid chorpartha linbh agus cás nuair a dhéantar díobháil fhisiceach iarbhir nó fhéideartha do leanbh trí idirghníomh, nó easpa idirghnímh, rud atá faoi smacht tuismitheora nó duine a bhfuil freagracht air/uirthi, cumhacht aige/aici, nó iontaoibh as/aisti go réasúnta.

D'fhéadfadh teagmhas amháin nó teagmhais éagsúla a bheith i gceist.

D'fhéadfadh siad seo thíos a bheith i gceist le mí-úsáid chorpartha:

- (i) pionós trom corpartha;
- (ii) greadadh, leangadh, bualadh nó ciceáil;
- (iii) brú, crith nó caitheamh;
- (iv) liomóga nó greamanna fiacla á mbaint as duine, tachtadh nó tarraingt gruaige;
- (v) sceimhlíú le bagairtí;
- (vi) breathnú ar fhoréigean;
- (vii) neart iomarcach á úsáid le linn láimhseáil;
- (viii) nimhiú d'aon ghnó;
- (ix) múchadh;
- (x) breoiteacht chumtha/spreagtha (*Féach Aguisín 1 chun sonraí a fháil*);
- (xi) riosca mór díobhála suntasaí do leanbh a cheadú nó a chruthú.

### Sainmhíniú ar 'mhí-úsáid ghnéasach'

Tarlaíonn mí-úsáid ghnéasach nuair a bhíonn leanbh á (h)úsáid ag duine eile dá s(h)ásamh nó spreagadh gnéasach féin, nó do dhaoine eile. Ar na samplaí de mhí-úsáid ghnéasach leanaí atá ann, tá:

(i) nochtadh na ngnéasorgán nó gníomh gnéasach ar bith a dhéantar d'aon ghnó i láthair an linbh;

(ii) leagan lámh ar nó muirniú corp linbh d'aon ghnó ag duine nó rud, ar mhaithe le spreagadh nó sásamh gnéasach;

(iii) lámhchartadh i láthair an linbh nó rannpháirtíocht an linbh i ngníomh lámhcharta;

(iv) Caidreamh collaí béil, faighne nó tóna leis an leanbh;

(v) dúshaothrú gnéasach linbh, rud a chuimsíonn gríosadh, spreagadh, tairiscint, tabhairt ar/ceadú do leanbh striapachas nó gníomhartha collaí eile a thairiscint nó páirt a ghlacadh iontu. Tarlaíonn dúshaothrú gnéasach chomh maith nuair a bhíonn leanbh páirteach i dtaispeáint, mainicíneacht nó geáitsíocht ar mhaithe le spreagadh

nó sásamh gnéasach, nó gníomh gnéasach, lena n-áirítear taifeadadh (ar scannán, físthéip nó meáin eile), nó iomramháil na híomhá chun na gcríoch sin ar ríomhaire nó trí mhodh eile. Seans go mbeadh ábhar gáirsiúil á léiriú do leanaí chomh maith, agus is minic gur gné é seo den mhealltóireacht a bhíonn ar siúl ag lucht mí-úsáide leanaí

(vi) gníomhaíocht ghnéasach chomhthoiliúil idir duine fásta agus duine faoi aois. Maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí, ba chóir do dhuine a thabhairt dá (h)aire, chun críocha an dlí choiriúil, gurb í an aois toilithe i leith caidreamh collaí ná 17 mbliana i gcás buachaillí agus cailíní. Socróidh an Garda Síochána gnéithe coiriúla an cháis faoin reachtaíocht bhainteach.

Ba chóir do dhuine a thabhairt dá (h)aire nach sainmhíniú dlí é an sainmhíniú ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí atá curtha i láthair sa rannán seo, agus nach bhfuil sé beartaithe go mbeadh sé mar chur síos ar chion coiriúil ionsaithe ghnéasaigh.

**(Féach Aguisín 2 thíos agus Aguisín 1 de *Tús Áite do Leanáí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanáile* haghaidh comharthaí agus airíonna breise mí-úsáide leanaí.)**

## Aguisín 2

(Tógtha ó 'Comharthaí agus airíonna MÍ-ÚSÁIDE LEANAÍ' ó Kidscape 2004)

### Táscairí Mí-Úsáide

#### Mí-úsáid chorpartha

***Breithnigh an fhéidearthacht go bhfuil mí-úsáid chorpartha ar siúl i gcás:***

Go bhfuil dónna, greimeanna fiacra, brúnna, cnámha briste, nó súile dubha gan mhíniú ag/ar an leanbh.

Brúnna nó marcanna eile atá ag dul i laghad le feiceáil tar éis dó/di filleadh ar scoil tar éis dó/di a bheith as láthair ar feadh tamaill

Go bhfuil an chuma air go mbíonn eagla air/uirthi roimh na tuismitheoirí/an cúramóir, agus go mbíonn sé/sí ag gearán nó ag caoineadh nuair a bhíonn sé in am dul abhaile ón scoil.

Go mbíonn sé/sí ag cúbadh roimh dhaoine fásta, nó é/í ag tuairisciú gur ghortaigh tuismitheoir nó cúramóir fásta eile é/í.

***Breithnigh an fhéidearthacht go bhfuil mí-úsáid chorpartha ar siúl nuair a bhíonn an tuismitheoir nó cúramóir fásta eile:***

Ag tabhairt míniú ar ghortú an linbh atá contrártha nó gan mórán dealraimh, nó nuair nach dtugann sé/sí míniú ar bith;

Má chuireann sé/sí síos ar an leanbh ar bhealach eile atá thar a bheith diúltach;

Má bhíonn smacht dian corpartha á cur i bhfeidhm aige/aici ar an leanbh

#### Mí-Úsáid Mhothúchánach

***Breithnigh an fhéidearthacht go bhfuil mí-úsáid mhothúchánach ar siúl i gcás:***

Go bhfuil lagmheas ag an leanbh air/uirthi féin

Freagra iomarcach ar bhotúin

Iompraíocht antoisceach á léiriú, amhail bheith róghéilliúil nó rófhulangach

Go bhfuil a f(h)orbairt fhisiceach, mheabhrach nó mhothúchánach moillithe.

Go ndearna sé/sí iarracht lámh a chur ina b(h)ás féin

Easpa cheangail leis an tuismitheoir á tuairisciú aige/aici

***Breithnigh an fhéidearthacht go bhfuil mí-úsáid mhothúchánach ar siúl nuair a bhíonn an tuismitheoir nó cúramóir fásta eile:***

Ag lochtú, ag caitheamh anuas ar, nó ag tabhairt amach don leanbh de shíor

Neamhbhuartha faoin leanbh agus go ndiúltaíonn sé/sí tairiscintí cabhrach le fadhb scoile an linbh

Ag diúltú don leanbh go hoscailte

#### Mí-Úsáid Ghnéasach

***Breithnigh an fhéidearthacht go bhfuil mí-úsáid ghnéasach ar siúl i gcás:***

Go bhfuil sé/sí rócheanúil nó go léiríonn sé/sí eolas gnéasach nach mbeadh ag leanbh den aois sin de ghnáth

Go n-aischéimníonn sé/sí go hiompraíocht leanbaíochta amhail diúl ordóige nó fliuchadh leapa, tromluithe a bheith aige/aici

Go bhfuil deacracht siúlta nó suite aige/aici

Go ndiúltaíonn sé/sí éadaí a athrú le haghaidh spóirt nó páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí fisiceacha go tobann

Má éiríonn an leanbh torrach nó má thógann sé/sí galar véinéireach, go háirithe má tá sé/sí faoi bhun ceithre bliana déag d'aois  
Má imíonn sé/sí ó bhaile, má dhéanann sé/sí iarracht lámh a chur ina b(h)ás féin nó díobháil a dhéanamh dó/di féin, má chaitheann sé/sí ródháileog, nó má thagann dúlagar air/uirthi  
Má thuairiscíonn sé/sí mí-úsáid ghnéasach ag tuismitheoir, cúramóir fásta eile nó leanbh atá níos sine

***Breithnigh an fhéidearthacht go bhfuil mí-úsáid ghnéasach ar siúl nuair a bhíonn an tuismitheoir nó cúramóir fásta eile:***

Ag cosaint an linbh go rómhór, nó má chuireann sé/sí srian iomarcach le teagmháil an linbh le leanaí eile, go háirithe den ghnéas eile  
Rúnmhar agus aonarach  
Má chuireann sé/sí síos ar dheacrachtaí pósta a bhaineann le coimhlintí cumhachta teaghlaigh nó caidreamh collaí

**Faillí**

***Breithnigh an fhéidearthacht go bhfuil faillí á dhéanamh i gcás:***

go mbíonn an leanbh as láthair ó scoil go minic  
go mbíonn an leanbh ag iarraidh bia nó airgid mar dhéirc nó á ngoid ó pháirtithe ranga  
go bhfuil cúram leighis nó déadach, imdhíonadh nó spéaclaí de dhíth air/uirthi  
Go mbíonn sé/sí salach go comhsheasmhach agus go mbíonn boladh bréan láidir óna c(h)orp  
nach gcaitheann sé/sí éadaí atá teolaí go leor sa gheimhreadh  
go mbaineann sé/sí mí-úsáid as alcól nó drugaí eile  
go ndeir sé/sí nach bhfuil éinne sa bhaile chun aire a thabhairt dó/di

***Breithnigh an fhéidearthacht go bhfuil faillí á déanamh nuair a bhíonn an tuismitheoir nó cúramóir fásta eile:***

ag léiriú neamhshuime sa leanbh  
ar nós cuma liom nó faoi ghruaim  
á (h)iompar féin go neamhréasúnach nó go haisteach  
Ag mí-úsáid alcóil nó drugaí eile  
Mí-Úsáid Leanaí a Aithint: An Méid Ba Chóir a Bheith ar Eolas ag Tuismitheoirí

## AGÚISÍN 3

### **Bearta breise um Chosaint Leanaí**

don

Chomhairle Oidhreachta agus do Scéim na Comhairle Oidhreachta um Oidhrecht sna Scoileanna

2014

***Tá na cleachtais agus nósanna imeachta atá leagtha amach sa doiciméad seo sa bhreis ar na bearta atá leagtha amach thuas i bPolasaí na Comhairle Oidhreachta um Chosaint Leanaí.***

#### **Treoirínte Ginearálta:**

- Tabharfar tús áite do leas agus sábháilteacht an linbh i gcónaí.
- Cinnteoidh Speisialtóirí OSS agus Foireann an CO chomh maith is atá ar a gcumas; go mbíonn gach leanbh sábháilte agus go mbíonn eispéireas dearfach acu ar ár seirbhís oideachais.
- Soláthróidh lucht bainistíochta, agus glacfaidh Speisialtóirí OSS agus foireann an CO páirt in Oiliúint aitheanta agus chuí Chosanta Leanaí.
- Cuirfidh Speisialtóirí OSS agus foireann an CO an cleachtas agus na nósanna imeachta mar a mhínítear san oiliúint iad i bhfeidhm.
- Caithfear le gach duine óg le dínit agus meas.
- Tabharfaidh gach Speisialtóir OSS agus ball foirne den CO aiseolas díograiseach agus cuiditheach do leanaí.
- Beidh fearas iomlán Garchabhrach in aice láimhe ag gach Speisialtóir OSS agus ball foirne den CO an t-am go léir nuair a bhíonn siad i gcomhlúadar rannpháirtithe ar bith den chlár.
- Coinneoidh Speisialtóirí OSS/baill foirne taifead scríofa ar theagmhas ar bith a tharlaíonn do leanbh, chomh maith le cur síos ar ghníomh ar bith a rinne sé/sí. Tabharfar cóip de seo do Theagmhálaí Ainmnithe na Comhairle Oidhreachta.
- Cuirfidh Speisialtóirí Oidhreachta sna Scoileanna agus baill foirne an CO eolas ar Pholasaí na Comhairle Oidhreachta um Chosaint Leanaí agus síneoidh siad foirmeacha dearbhúcháin de réir mar is gá.

#### **'Daoine Fásta Freagracha' a Shainmhíniú**

Chun críocha an doiciméid pholasaí seo, is ionann 'daoine fásta freagracha' agus múinteoirí, tuismitheoirí, caomhnóirí, nó cinnirí club a bhíonn in éineacht le grúpaí leanaí nó leanaí ar leith a bhíonn páirteach i ngníomhaíochtaí ar bith de chuid 'Oidhrecht sna Scoileanna' nó na Comhairle Oidhreachta. Tá an phríomhfhreagracht ar na daoine fásta freagracha seo as leas agus iompraíocht gach linbh atá faoina gcúram, agus ar shínigh siad na foirmeacha clárúcháin cuí ar a son. Tá sé mar dhualgas ar na daoine fásta freagracha (m.sh. múinteoirí, tuismitheoirí, caomhnóirí, ceannairí) a bhíonn in éineacht le grúpaí leanaí nó leanaí aonair atá páirteach i ngníomhaíochtaí ar bith mar chuid d'Oidhrecht sna Scoileanna/gníomhaíochtaí na Comhairle Oidhreachta, tá sé mar dhualgas orthu na Speisialtóirí OSS/baill foirne den CO a chur ar an eolas faoi riocht leighis nó eile rannpháirtí ar bith is gá a bheith ar eolas acu ar mhaithe le leas an linbh agus an ghrúpa.

### **Forálacha Sábháilteachta Leanaí Sainláithreáin**

Ós rud é go mbíonn réimse leathan ócáidí agus gníomhaíochtaí ar siúl ag an gComhairle Oidhreachta ar fud na tíre, ta sé riachtanach go sainíonn gach eagraíocht agus/nó duine aonair a fhaigheann maoiniú ón gComhairle a bhforálacha sábháilteachta leanaí sainláithreáin féin. Tá sé mar fhreagracht ar gach scoil agus lucht bainistíochta ócáide a chinntiú go mbíonn na forálacha sábháilteachta leanaí sainláithreáin nuashonraithe de réir mar is gá, agus go mbíonn Teagmhálaí Ainmnithe na Comhairle Oidhreachta (mar atá leagtha amach sa Pholasáí um Chosaint Leanaí) curtha ar an eolas faoi leasuithe ar bith a dhéantar ar na forálacha seo.

### **Clárú sa Scéim Oidhreachta sna Scoileanna:**

Is iad foirmeacha áirithinte an chláir Oidhreachta sna Scoileanna na foirmeacha clárúcháin oifigiúla a chuirtear ar fáil do ghrúpaí agus do leanaí aonair a bhíonn páirteach i ngníomhaíochtaí clár oideachais ar bith. Caithfidh an ball foirne freagrach den CO a chinntiú go mbíonn siad comhlánaithe go hiomlán sula nglactar leo le haghaidh próiseáil, agus caithfear an fhoirm (nó cóip bheacht de) a stóráil san áis shainithe choinneála taifead.

An ball foirne den CO atá ag glacadh le háirithint, caithfidh sé/sí a chinntiú go gcomhlánaíonn, go síníonn agus go ndátaíonn na daoine fásta freagracha le haghaidh leanaí aonair nó grúpaí/ranganna atá páirteach i gclár oideachais / gníomhaíocht ar bith an fhoirm áirithinte nó an fhoirm bhainteach chlárúcháin sula dtabharfar cead dóibh páirteach a ghlacadh sa chlár nó sa ghníomhaíocht.

Tá an nós imeachta thuas bainteach go háirithe le cuairteanna Oidhreachta sna Scoileanna agus ócáidí eile a bhíonn eagraithe go **díreach** ag foireann an CO amhail tionscadail samhraidh, Seachtain na hOidhreachta, tionscadail an Lae Bitheolaíochta is araile i gcás nach bhfuil an leanbh páirteach mar chuid de ghrúpa a bhí socraithe roimhe ré.

### **Faighteoirí Deontais nó eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú ón gComhairle Oidhreachta:**

**Caithfidh dreamanna a eagraíonn ócáidí do leanaí agus daoine óga agus atá á maoiniú go díreach ag an gComhairle Oidhreachta, caithfidh siad a chinntiú go bhfuil a bPolasáí féin um Chosaint Leanaí agus próisis chúí curtha i bhfeidhm acu le haghaidh tuairiscíú agus clárú.**

### **Teagmhais a Thaifeadadh, lena n-áirítear Timpistí:**

Ba chóir don bhall foirne den CO agus/nó múinteoir ar dualgas gach timpiste agus teagmhas eile (m.sh. neasteagmhais) a tharlaíonn a thaifeadadh go hiomlán, iad a shíniú, a dhátú agus a stóráil go cuí chomh luath agus is féidir go réasúnta tar éis an teagmhais. Caithfidh an Fhoirm Thuairisce Timpiste / Teagmhais a bheith sínithe chomh maith ag ionadaí ón scoil, agus dátaithe ag Oifigeach Sábháilteachta chomh luath agus is féidir go réasúnta ina dhiaidh sin.

### **Taifid:**

Caithfidh caibinéad comhad atá slán agus faoi ghlas a bheith ag an gComhairle Oidhreachta / an Scoil, ina gcuirfear an t-eolas seo a leanas, agus é dátaithe/sínithe ag an duine/na daoine cuí:

- Foirmeacha Áirithinte / Clárúcháin
- Foirmeacha Tuairiscithe Teagmhais / Timpiste, más gá
- Toiliú tuismitheoirí nó scoile grianghraif nó ábhar eile a úsáid a bhaineann le leanaí agus iad páirteach i ngníomhaíochtaí ar bith de chuid na Comhairle Oidhreachta, más gá.

Caithfidh na baill foirne go léir/gach Speisialtóir Oidhreachta sna Scoileanna sonraí a thaifeadadh le haghaidh grúpaí a bhíonn ag cur in áirithint / ag obair leo. Caithfidh an Riarthóir Oidhreachta sna Scoileanna a chinntiú go gcoinnítear na taifid cothrom le dáta maidir leis an Scéim Oidhreachta sna Scoileanna.

### **Suíomhanna;**

Tugtar breac-chuntas ar na cleachtais agus nósanna imeachta seo a leanas do Speisialtóirí OSS/baill foirne den CO chun an fhéidearthacht go ndéanfaí díobháil ar bith do leanaí a bhíonn páirteach i gclár den Chomhairle Oidhreachta a íoslaghdú, nuair a bhíonn siad:

- Ar áitreabh na Comhairle Oidhreachta
- Ar a dtailte scoile féin
- Ag tabhairt cuairte ar láithreán nach bhfuil luaite thuas (m.sh. cuairt ar choillearnach, portach nó trá, bódh sé/sí faoi úinéireacht an SPNF (NPWS), Coillte, nó é/í faoi úinéireacht gníomhaireachta nó duine eile).

**Beag beann ar cé acu de na suíomhanna thuas atá á úsáid, caithfidh an Speisialtóir OSS/baill foirne den CO atá i gceannas na 'Daoine Fásta Freagracha' atá in éineacht leo a chur ar an eolas faoi na fíricí tábhachtacha seo a leanas:**

- Is iad na daoine fásta a bhíonn in éineacht leis na leanaí na “daoine fásta freagracha” atá freagrach as leas agus iompraíocht gach rannpháirtí, agus as bainistíocht an ghrúpa ina iomláine.
- Caithfidh siad fanacht lena rannpháirtithe an t-am go léir.
- Más gá do leanaí nó leanbh an príomhghrúpa a fhágáil ag am ar bith, is gá dóibh siúd dul in éineacht lena leanbh / a ndaltaí (m.sh. le dul go dtí an leithreas, rudaí a ndearna dearmad orthu in áit eile a fháil ar ais, nó dul go dtí ranna Timpistí agus Éigeandála srl.)
- Caithfidh siad cloí le treoracha Speisialtóirí OSS/foireann an CO maidir le treoracha sábháilteachta sainláithreáin nó sainghníomhaíochta.

### **A. Áitreabh na Comhairle Oidhreachta**

#### **Cinnteoigh foireann na Comhairle Oidhreachta:**

- Go bhfuil an fhoirm chlárúcháin oifigiúil comhlánaithe agus stóráilte sa chomhad cuí don duine/grúpa(i) a thugann cuairt ar an oifig sula n-úsáideann siad áiseanna na Comhairle Oidhreachta.
- Go dtabharfaidh sé/sí an freagra cuí ar an eolas maidir le riochtaí sláinte nó eile rannpháirtithe, agus é tugtha dóibh ag an duine fásta freagrach atá in éineacht leo.
- Go ndéanann siad nóta de líon iomlán iarbhír na rannpháirtithe a bhíonn i láthair ar lá na cuairte.
- Nach mbíonn líon iomlán na rannpháirtithe [gan daoine fásta freagracha san áireamh] a thugann cuairt ar an gComhairle Oidhreachta ag aon am amháin níos mó ná an méid uasta atá sainithe don Oifig ag an Oifigeach Sábháilteachta.
- Go mbíonn beirt fhásta fhreagrach ar a laghad (gan ball foirne den CO san áireamh) in éineacht leis na rannpháirtithe fiú i gcásanna go bhfuil níos lú ná 20 sa ghrúpa.
- Caithfear cóimheas duine fhreagraigh le leanbh nach lú ná 1:10 a choinneáil. I gcás go bhfuil níos mó ná 20 duine sa ghrúpa .i. má tá gá le breis is beirt fhásta fhreagracha, is ceadmhach an ball foirne den CO a chur san áireamh, faoi rogha an TA, i ríomh líon imleor na ndaoine fásta freagracha.
- Go bhfuil fearas iomlán Garchabhrach in aice láimhe acu an t-am go léir.

### **B. Ar thailte scoile**



### Cinnteach Speisialtóirí OSS/foireann an CO:

- Go bhfuil an fhoirm chlárúcháin oifigiúil comhlánaithe agus stóráilte sa chomhad cuí
- Go dtabharfaidh siad an freagra cuí ar an eolas maidir le riochtaí sláinte nó eile rannpháirtithe, agus é tugtha dóibh ag an duine fásta freagrach a bhíonn in éineacht leo.

### **C. Cuairt a thabhairt ar láithreán nach bhfuil luaite thuas**

#### Cinnteach Speisialtóirí OSS/foireann an CO:

- Go bhfuil an fhoirm oifigiúil chlárúcháin comhlánaithe agus stóráilte sa chomhad cuí, don duine nó do na grúpaí a thugann cuairt ar an láithreán sula dtosaíonn an chuairt.
- Go bhfuil beirt fhásta fhreagracha ar a laghad (gan Speisialtóirí Oidhreachta sna Scoileanna/ball foirne den CO san áireamh) in éineacht leis na rannpháirtithe, fiú má tá níos lú na 20 leanbh sa ghrúpa.
- Caithfear cóimheas duine fhreagraigh le leanbh nach lú ná 1:10 a choinneáil. I gcásanna go bhfuil níos mó ná 20 leanbh sa ghrúpa .i. gur gá níos mó ná beirt fhásta, is ceadmhach an Speisialtóir 'Oidhreachta sna Scoileanna' a chur san áireamh, faoi rogha na scoile, i ríomh líon imleor na ndaoine fásta maoirseacha.
- Déanann sé/sí nóta de líon iomlán na rannpháirtithe atá i láthair i ndáiríre ar lá na cuairte.
- Tá teorainn 30 rannpháirtí ar leanaí/daoine fásta óga iad i gceist in aghaidh an Speisialtóir Oidhreachta sna Scoileanna. Ní ceadmhach an líon seo a shárú beag beann ar líon na ndaoine fásta freagracha m.sh. má tá 40 leanbh agus cúigear fásta freagrach in éineacht leo, ní féidir le Speisialtóir amháin Oidhreachta sna Scoileanna seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil do ghrúpa atá chomh mór sin.
- Go bhfanann duine fásta freagrach amháin ag cúl an ghrúpa agus go gcaithfidh gach rannpháirtí fanacht chun tosaigh ar an duine seo an t-am go léir.
- Go dtabharfaidh sé/sí an freagra cuí ar an eolas maidir le riochtaí sláinte nó eile rannpháirtithe, agus é tugtha dóibh ag an duine fásta freagrach atá in éineacht leo.
- Go bhfuil fearas iomlán Garchabhrach in aice láimhe acu an t-am go léir.
- Go bhfuil foirm chumarsáide áirithe aige/aici lena féidir teagmháil a dhéanamh leis na seirbhísí éigeandála chomh luath agus is féidir, más gá sin.

## Nósanna Imeachta

Tá na nósanna imeachta atá leagtha amach thíos sa bhreis ar na cinn siúd atá leagtha amach thuas i bPolasaí na Roinne um Chosaint Leanai

### Timpiste / Teagmhas:

*Tabhair do d'aire: Caithfear cuimhneamh go bhfuil an "Duine Fásta Freagrach" freagrach go príomha as leas agus iompraíocht gach linbh atá faoina c(h)úram, agus ar síníodh na foirmeacha cuí clárúcháin ar a s(h)on.*

- Más féidir in aon chor, fanfaidh beirt fhásta (caithfidh gur "Duine Fásta Freagrach" é duine amháin acu seachas an Speisialtóir OSS/ball foirne den CO) leis an leanbh gortaithe. Má tá duine fásta amháin in éineacht leis an leanbh, ba chóir go bhfanfadh duine fásta amháin eile ar an láthair ar a laghad.
- Ba chóir teagmháil a dhéanamh leis an tseirbhís chúí éigeandála chomh luath agus is féidir, más gá (Diailigh 999 nó 112). Beidh ar an duine atá ag déanamh na teagmhála suíomh an teagmhais a lua, in éineacht le cur síos ar an teagmhas agus ar ghortú ar bith atá tugtha faoi deara. Caithfidh an duine teagmhála fanacht le deimhniú go bhfuarthas an t-eolas a tugadh.
- Beidh garchabhair tugtha de réir mar is cuí ag duine inniúil a bhfuil Deimhniú bailí Garchabhrach aige/aici.
- Ba chóir don Speisialtóir Oidhreachta sna Scoileanna/ball foirne den CO an bainisteoir líne (múinteoir scoile nó TA den CO de ghnáth) a chur agus a choinneáil ar an eolas faoin teagmhas, chomh luath agus is féidir.
- Má tá leanbh áirithe gortaithe, caithfidh pearsanra na scoile tuismitheoirí / caomhnóirí a chur ar an eolas faoi seo chomh luath agus is féidir.
- Caithfidh bileog thuairisce teagmhais a bheith comhlánaithe, dátaithe agus sínithe díreach i ndiaidh an teagmhais ag an Speisialtóir Oidhreachta sna Scoileanna / ball foirne den CO atá i láthair, agus í tugtha do, agus sínithe/dátaithe ag bainisteoir líne, m.sh. an múinteoir scoile / TA an CO.

### Duine / Daoine ar Iarraidh:

Féach ar Rannán 5 'Nósanna Imeachta le déileáil le Leanai ar Iarraidh' thuas, le do thoil

### Déileáil le hiompraíocht dhúshlánach nó thoirmeascach

Tá sábháilteacht agus leas leanai agus daoine óga mar thosaíocht, agus déanfaidh an Speisialtóir OSS/ball foirne den CO déileáil íogair agus ghairmiúil le fadhbanna ar bith a d'fhéadfadh a bheith ann. I gcásanna go bhfuil leanai/daoine óga á n-iompar féin go dúshlánach nó go thoirmeascach, coinneofar taifead de seo nuair is gá do Speisialtóir OSS/ball foirne den CO idirghabháil a dhéanamh, nó nuair atá sábháilteacht agus folláine daoine eile i mbaol. Ba chóir do Speisialtóirí OSS/baill foirne a bhíonn ann ag an am foirm thuairisce a chomhlánú ar an teagmhas/timpiste.

Ba chóir go mbeadh na sonraí seo a leanas sa tuairisc ar an teagmhas:

- An clár nó gníomhaíocht a bhí ar siúl ag an am;
- Dáta an Teagmhais;
- Taifead ar an méid a tharla;
- Sonraí faoi na daoine a bhí i gceist;

- Sonraí faoin áit agus am a tharla sé;
- Taifead ar thráchtanna suntasacha ar bith;
- Taifead ar dhíobháil ar bith do dhuine nó do mhaoin;
- Sonraí faoin gcaoi ar réitíodh nó ar fhágadh an cás.

**Dearbhú ar an bPolasaí um Chosaint Leanaí agus an Cód Iompraíochta um Chosaint Leanaí**

Ainm (blocitreacha): \_\_\_\_\_

Dáta breithe: \_\_\_\_\_

Seoladh: \_\_\_\_\_

Uimhir ghutháin: \_\_\_\_\_

Suíomh oibre: \_\_\_\_\_

Teideal Oibre: \_\_\_\_\_

Fuair mé cóip de

**Polasaí na Comhairle Oidhreachta um Chosaint Leanaí**

Tá na sonraí sa pholasáí agus sna cleachtais agus nósanna imeachta breise léite agam agus tuigim iad, agus toilím na treoirínte ar nósanna imeachta agus cleachtais atá iontu a leanúint.

Sínithe: \_\_\_\_\_  
Ainm an Speisialtóra OSS / an bhaill foirne den CO

Dáta: \_\_\_\_\_

Caithfear an dearbhú seo a shíniú agus a chur ar ais chuig:

**Amanda Ryan, Bainisteoir Oidhreachta sna Scoileanna, An Chomhairle Oidhreachta, Lána an Teampaill, Cill Chainnigh.**

**Aguisín A – d'fhoireann an CO amháin / neamhbhainteach le Speisialtóirí Oidhreachta sna Scoileanna**

Déan cur síos ar gach ócáid nó gníomhaíocht a bhí ar siúl ar bhur láithreán faoi na ceannteidil seo a leanas, le do thoil:

Teagmhas <sup>1</sup>	Ionad <sup>2</sup>	Catagóir an rannpháirtí <sup>3</sup>	Líon uasta na rannpháirtithe	Gá le cur in áirithint Tá nó Níl	Clárú Tá nó Níl	Leibhéal Riosca <sup>4</sup>	Cóimheas Maoirseachta léirithe mar fhoireann an CO: Duine Fásta Freagrach <sup>5</sup> : Leanbh

<sup>1</sup> Ar na rudaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an ócáid/gníomhaíochtaí, tá cuairteanna for-rochtana scoile, gníomhaíochtaí atá bunaithe ag ionad oideachais bhur láithreáin, turais taobh istigh do leanaí, m.sh. turais caisleáin, gníomhaíochtaí taobh amuigh atá bunaithe ar láithreán, m.sh. siúlóidí nó conairí coillearnaigh, ócáidí teaghlaigh agus ócáidí ar mhórscála, cé go bhféadfadh imeachtaí eile a bheith i gceist chomh maith.

<sup>2</sup> Ar na hionaid a d'fhéadfadh a bheith i gceist, mar shampla, tá scoil, ionad oideachais, taitneamhacht páirce náisiúnta taobh istigh m.sh. caisleán, taitneamhacht páirce náisiúnta taobh amuigh, m.sh. sliabh, coillearnach, trá / cladach.

<sup>3</sup> D'fhéadfadh leanaí bunscoile agus meánscoile m.sh. daltaí idirbhliana, a bheith mar rannpháirtithe.

<sup>4</sup> Agus measúnú á dhéanamh ar leibhéal riosca gníomhaíochta, déantar an *dóchúlacht* go dtarlóidh díobháil i rith na gníomhaíochta agus *troime* a leithéid de dhíobháil a scóráil mar atá mínithe ar leathanach 3.

<sup>5</sup> D'fhéadfadh múinteoir, tuismitheoir nó caomhnóir a bheith mar dhuine fásta freagrach.

**DÓCHÚLACHT DÍOBHÁLA**

1 = THAR A BHEITH NEAMHDHÓCHÚIL – nach mór cinnte nach dtarlóidh sí

2 = NEAMHDHÓCHÚIL – ní dócha go dtarlóidh sí

3 = FÉIDEARTHA – seans réasúnta go dtarlóidh sí

4 = DÓCHÚIL – is maith an seans go dtarlóidh sí

**DÉINE**

1 = NEAFAISEACH – neamhdhóchúil go dtarlóidh díobháil

2 = ÉADROM – d'fhéadfadh díobháil áirithe a bheith i gceist

3 = MEASARTHA – dóchúil go dtarlóidh díobháil

4 – TROM – bagrach don bheatha

Tar éis duit dóchúlacht agus géire dhíobhála na gníomhaíochta a scóráil, déan an scór dóchúlachta a bhreacadh ar ais ingearach, agus an scór géire a bhreacadh ar ais chothrománach na maitrise thíos. Léigh síos agus trasna ó gach scór go dtí an chill a thrasnaíonn an dá ais. Léiríonn an uimhir sa chill seo leibhéal riosca na gníomhaíochta. Tá na leibhéil riosca dathchódaithe mar atá ar taispeáint thíos.

**Maitris dóchúlachta (ais ingearach) agus géire (ais chothrománach)**

	<b>1</b>	<b>2</b>	<b>3</b>	<b>4</b>
<b>1</b>	1	2	3	4
<b>2</b>	2	4	6	8
<b>3</b>	3	6	9	12
<b>4</b>	4	8	12	16

Is gníomhaíochtaí riosca ísil iad gníomhaíochtaí atá **GLAS** (agus iad ag scóráil 1, 2, 3 nó 4)

Is gníomhaíochtaí riosca mheánaigh iad gníomhaíochtaí atá **ÓMRACH** (agus iad ag scóráil 6, 8 nó 9)

Is gníomhaíochtaí ardriosca iad gníomhaíochtaí **DEARGA** (scór 12 nó 16)

## Aguisín B

Foirm Áirithinte Scoile / Club

Dáta Comhaontaithe do Chuarite:

Amanna Comhaontaithe:

Rang:

Líon:

Cé na gníomhaíochtaí inar mian leat páirt a ghlacadh?

Ainmneacha na múinteoirí/daoine fásta freagracha a bheidh i láthair:

Leanaí ar bith a bhfuil riachtanais speisialta nó bhreise orthu:

Eolas Breise:

Sonraí Árachas Scoile:

Sonraí agus Uimhir Ghutháin an Duine Teagmhála:

Ainm Iomlán na Scoile / an Chlub agus Uimhir Ghutháin:

Seoladh ríomhphoist na scoile / an chlub:

Caithfidh an fhoirm seo a bheith sínithe ag an duine atá i gceannas ar dhisciplín agus sábháilteacht ar an lá.

Sínithe:.....

Seol gach foirm áirithinte mar ríomhphost, le do thoil, chuig \_\_\_\_\_

Mar mhalairt air sin, seol foirmeacha comhlánaithe chuig \_\_\_\_\_

Tá na múinteoirí/daoine fásta freagracha freagrach as a ngrúpa an t-am go léir nuair a thugann siad cuairt ar an bpáirc phoiblí/láithreán.

**(Déan teagmháil le ?, le do thoil, i gcás éigeandála)**

## AGUISÍN 4

Foirm Chaighdeánach Thuairisce chun buarthaí cosanta agus/nó leas leanai a thuairisciú do FSS (ar fáil chomh maith mar leagan MS Word ag [www.hse.ie/go/childrenfirst](http://www.hse.ie/go/childrenfirst)).

FORM NUMBER: CC01:01:00

### STANDARD REPORT FORM

(For reporting CP&W Concerns to HSE)



A. To Principal Social Worker/Designate: \_\_\_\_\_

1. Date of Report

#### 2. Details of Child

Name:		Male	<input type="checkbox"/>	Female	<input type="checkbox"/>
Address:		DOB		Age	
		School			
Alias		Correspondence address (if different)			

#### 3. Details of Persons Reporting Concern(s)

Name:		Telephone No.	
Address:		Occupation:	
		Relationship to client:	
Reporter wishes to remain anonymous	<input type="checkbox"/>	Reporter discussed with parents/guardians	<input type="checkbox"/>

#### 4. Parents Aware of Report

Are the child's parents/carers aware that this concern is being reported to the HSE?	Yes	No
	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

#### 5. Details of Report

(Details of concern(s), allegation(s) or incident(s) dates, times, who was present, description of any observed injuries, parent's view(s), child's view(s) if known.)



**STANDARD REPORT FORM***(For reporting CP&W Concerns to HSE)***6. Relationships**

Details of Mother		Details of Father	
Name:		Name:	
Address: (if different to child)		Address: (if different to child)	
Telephone Nos.		Telephone Nos.	

**7. Household composition**

Name	Relationship	DOB	Additional information, e.g. school/occupation/other

**8. Name and Address of other personnel or agencies involved with this child:**

	Name	Address
Social Worker		
PHN		
GP		
Hospital		
School		
Gardaí		
Pre-School/Crèche/YG		
Other ( <i>specify</i> ):		

**9. Details of person(s) allegedly causing concern in relation to the child**

Relationship to child:	Age	Male	<input type="checkbox"/>	Female	<input type="checkbox"/>
Name:	Occupation:				
Address:					

**10. Details of person completing form**

Name:	Occupation:	
Signed	Date:	

## Nótaí Treorach

Tá freagracht reachtúil ar FSS faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991, cosaint agus leas leanaí a chur chun cinn. Mar sin tá oibleagáid ar FSS eolas a fháil faoi leanbh ar bith nach bhfaigheann cúram imleor agus/nó nach bhfuil á c(h)osaint go himleor.

Tá an Fhoirm Thuairisce seo le bheith úsáidte ag:

- Duine gairmiúil, duine aonair nó grúpa ar bith atá páirteach i seirbhísí do leanaí, lena n-áirítear pearsanra de chuid FSS, a mhothaíonn buairt chosanta nó leas leanaí, nó a dtuairiscítear buairt chosanta nó leas leanaí dó/di.
- Daoine gairmiúla agus daoine aonair a sholáthraíonn seirbhísí cúram leanaí sa phobal, agus a bhfuil conarthaí seirbhíse acu le FSS.
- Daoine ainmnithe i ngníomhaireacht dheonach nó phobail.

Comhlánaigh an oiread eolais agus sonraí atá ar eolas agat, le do thoil. Cabhróidh sé seo le Roinn na hOibre Sóisialta measúnú a dhéanamh ar leibhéal an riosca don leanbh, nó ar na seirbhísí tacaíochta atá de dhíth. Mura bhfuil an t-eolas atá á iarraidh ar eolas agat, luaigh seo trí líne a chur tríd an gceist, le do thoil. Is maith an seans go gcuirfidh oibrí sóisialta glao ort chun do thuairisc a phlé.

Tá sé mar aidhm ag FSS obair i gcomhar le tuismitheoirí. Má dhéanann tú an tuairisc seo faoi rún, ba chóir duit a thabhairt do d'aire nach féidir le FSS rúndacht dhaingean a ráthú ar na cúiseanna seo a leanas:

- D'fhéadfadh Cúirt ordú go nochtfaí eolas.
- Tá cead ag an gCoimisinéir um Shaoráil Faisnéise a ordú go nochtfaí faisnéis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997.

Ba chóir duit a thabhairt do d'aire chomh maith go bhfuil tú faoi chosaint an Achta um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998, má tá 'tuairisc bona fide' á déanamh agat.

Má tá tú éiginnte ar chóir duit do bhuarthaí a chur in iúl, cuir glao teileafóin ar oibrí sóisialta ar dualgas de chuid FSS agus déan do bhuaire a phlé leis/léi siúd, le do thoil.

*(Féach Aguisín 5 chun liosta iomlán a fháil d'oifigí FSS ar fud na tíre).*

**AGUISÍN 5**  
**FSS ar fud na Tíre: Liosta Sonraí Teagmhála Oibrithe Sóisialta ar Dualgas**

FSS i mBaile Átha Cliath/Laighean Láir: Seirbhísí Oibrithe Sóisialta ar Dualgas		
Baile Átha Cliath Theas (Dún Laoghaire)	Clinic Mhuire Sráid Phádraig Dún Laoghaire (N.B. Ean-Aib 'o8 - Ascaill Northumberland, Dún Laoghaire)	Teil: 01 6637300 Facs: 01 2844955
Baile Átha Cliath Thoir Theas	Ceannaire Foirne Oibrithe Sóisialta ar Dualgas FSS, Halla Vergemount Cluain Sceach Baile Átha Cliath 6	Teil: 01 2680320 / 01 2680333 Facs: 01 2680406
Cill Mhantáin	An Fhoireann Thuaidh (Ceantar Bhré) Ionad Sláinte Bhré, Bloc B, Na hOifigí Cathartha, An Phríomhshráid, Bré  An Fhoireann Theas (Ceantar Chill Mhantáin / an Inbhir Mhóir) Aonad 3, Oifig an Chladaigh An Ché Thuaidh, Cill Mhantáin	Teil: 01 2744100 / 01 2744180 Facs: 01 2744136  Teil: 0404 60800 Facs: 0404 60888
Cathair Bhaile Átha Cliath Theas	Ceannaire na Foirne ar Dualgas FSS i mBaile Átha Cliath/Laighean Láir Ionad Carnegie 21-25 Sráid an Tiarna Éadbhard Baile Átha Cliath 2	Teil: 01 6486555 Facs: 01 6486702
Baile Átha Cliath Thiar Theas	Ceannaire na Foirne ar Dualgas Ionad Sláinte Phlásóg Shruth an Mhuilinn Ionad San Doiminic Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24	Teil: 01 4275000 Facs: 01 4275090
Baile Átha Cliath Thiar	Teach an Droichid Roinn na hOibre Sóisialta Seirbhísí Pobail Bhaile Átha Cliath Thiar Ospidéal Ghort na Silíní Baile Formaid Baile Átha Cliath 10	Teil: 01 6206387 Facs: 01 6206388

Cill Dara Iarthar Chill Mhantáin	Roinn na hOibre Sóisialta Ionad Swan Faiche an Aonaigh An Nás Co. Chill Dara	Teil: 045 882400 Facs: 045 882424
Laois	Roinn na hOibre Sóisialta An tIonad Leanaí agus Teaghlaigh Port Laoise	Teil: 057 86 92567 Facs: 057 86 62535
Uíbh Fhailí	Roinn na hOibre Sóisialta Svuít Dhoire Foirgnimh an Chaisleáin Sráid na Teamhrach Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí	Teil: 057 93 70700 Facs: 057 93 70748
An Longfort	Roinn na hOibre Sóisialta Teach Tivoli Bóthar Bhaile Átha Cliath An Longfort	Teil: 043 3350584 Facs: 043 3350798
An Iarmhí	Oibrithe Sóisialta ar Dualgas Ionad Sláinte Bhaile Átha Luain Bóthar Chuasáin Baile Átha Luain Co. na hIarmhí	Teil: 090 64 83106 Facs: 090 64 91329
	Oibrithe Sóisialta ar Dualgas An tIonad Leanaí agus Teaghlaigh Springfield An Muileann gCearr Co. na hIarmhí	Teil: 044 93 84450 Facs: 044 93 84396

FSS ar fud na Tíre: Liosta Sonraí Teagmhála Oibríthe Sóisialta ar Dualgas

FSS i mBaile Átha Cliath Thoir Thuaidh - Seirbhísí Oibríthe Sóisialta ar Dualgas		
An Cabhán	Seirbhísí Pobail FSS do Leanaí agus Teaghlai Crosaire Dhroim an Lao An Cabhán	Teil: 049 4377305 & 049 4377306 Facs: 049 4377377
Muineachán	Roinn na nOibríthe Sóisialta ar Dualgas An tAonad Áitiúil Cúram Sláinte Rúscaigh Muineachán	Teil: 047 30426 / 047 30427 Facs: 047 77908
Baile Átha Cliath Thuaidh-Lár	Oifig Oibríthe Sóisialta ar Dualgas 22 Cearnóg Mhuinseo Baile Átha Cliath 1	Teil: 01 855 6871 Facs: 01 855 0589
	Ionad Cathartha Bhaile Munna (2 <sup>ú</sup> hurlár) An Phríomhshráid Baile Munna Baile Átha Cliath 9	Teil: 01 8467235 Facs: 01 8467522
Baile Átha Cliath Thuaidh	Ionad Sláinte na Cúlóige Bóthar Chaisleán na Croma An Chúlóg Baile Átha Cliath 5	Teil: 01 8160314 / 8160373 Facs: 01 8487747
Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh	Ionad Sláinte Chnocán an Tobair Fionnghlas Baile Átha Cliath 11	Teil: 01 8567704 Facs: 01 8567702
Lú	Roinn na hOibre Sóisialta An tAonad Áitiúil Cúram Sláinte Teach Wilton Plás Mhic an Ghaill Dún Dealgan Co. Lú	Teil: 042 9392200 Facs: 042 9392264
An Mhí	Oibríthe Sóisialta ar Dualgas 25 Brewshill An Uaimh Co. na Mí	Teil: 046 9030616 Facs: 046 9030648

FSS ar fud na Tíre: Liosta Sonraí Teagmhála Oibríthe Sóisialta ar Dualgas

FSS Theas - Seirbhísí Oibríthe Sóisialta ar Dualgas		
Ceatharlach	Oifig Oibríthe Sóisialta ar Dualgas Urlár na Talún Ospidéal Dhamhnait Bóthar Bhaile Átha Í Ceatharlach	Teil: 059 9136587 / 059 9136588 Facs: 059 9136502
Cill Chainnigh	Roinn na hOibre Sóisialta/Cúram Leanaí Seirbhísí Pobail FSS Theas Faiche Shan Séamas Cill Chainnigh (ag bogadh go háitreabh nua uair éigin in 2008)	Teil: 056 7784532 / 056 7784017 Facs: 056 7784000
Corcaigh - An Laoi Thuaidh	An Roinn Oibríthe Sóisialta ar Dualgas An Linn Dubh (in aice leis an Ionad Siopadóireachta) An Linn Dubh Corcaigh	Teil: 021 4927000 Facs: 021 4927001 / 021 4927002
Corcaigh - An Laoi Theas	Oibrí Sóisialta ar Dualgas Roinn Oibre Sóisialta na Laoi Theas. Ospidéal Naomh Fionnbarra Corcaigh	Teil: 021 4923001 Facs: 021 4312960
Iarthar Chorcaí	Roinn na hOibre Sóisialta FSS Theas Seirbhísí Pobail Iarthar Chorcaí Cúil na nGarrán An Sciobairín Co. Chorcaí	Teil: 028 40447 Facs: 028 40449
Corcaigh Thuaidh	Oifigí Oibre Sóisialta/Cosanta Leanaí FSS 134 Plás an Bhainc Mala Co. Chorcaí	Teil: 022 54100 Facs: 022 54150

Ciarraí	<p>Seirbhísí Pobail Chiarraí, Ráth Teas Trá Lí Co. Chiarraí</p> <p>Roinn na nOibrithe Sóisialta ar Dualgas, Cill Airne Bóthar San Maighréad Cill Airne Co. Chiarraí</p>	<p>Teil: 066 7195641 / 066 7195642 / 066 7195643 Facs: 066 7195610</p> <p>Teil: 064 36030 / 064 50700 Facs: 064 70714</p>
Tiobraid Árann Tiobraid Árann Theas	<p>An Fhoireann Oibrithe Sóisialta ar Dualgas Seirbhísí Cúram Pobail Thiobraid Árann Theas An Bóthar Iartharach Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann</p>	<p>Teil: 052 77303 Facs: 052 77301</p>
Port Láirge  Dún Garbhán	<p>Seirbhís Oibre Sóisialta FSS, Seirbhísí Pobail Phort Láirge Bóthar Chorcaí Port Láirge</p> <p>Roinn na nOibrithe Sóisialta ar Dualgas Seirbhísí Pobail Dhún Garbhán Ospidéal San Íosaf Dún Garbhán Co. Phort Láirge</p>	<p>Teil: 051 842827 / 051 842841 Facs: 051 842811</p> <p>Teil: 058 20921 / 058 20906 Facs: 058 44485</p>
Loch Garman Thuaidh  Loch Garman Theas	<p>Ionad Sláinte Ghuaire Tailte an Ospidéil Guaire Co. Loch Garman</p> <p>Ionad Sláinte Inis Córthaidh Bóthar Pháirc an Mhuilinn Inis Córthaidh Co. Loch Garman</p> <p>Ionad Sláinte Ros Mhic Thriúin Tailte an Ospidéil Ros Mhic Thriúin</p>	<p>Teil: 053 21374 / 053 9430100 Facs: 053 9421492</p> <p>Teil: 053 9233465 / 053 9243700 Facs: 053 9233469</p> <p>Teil: 051 421445 Facs: 051 421238</p>

	<p>Co. Loch Garman</p> <p>An Roinn Oibríthe Sóisialta ar Dualgas Ospidéal Ely Port an Chalaídh Loch Garman</p>	<p>Teil: 053 9123522 Síneadh 201 Facs: 053 9147706</p>
--	--	--



FSS ar fud na Tíre: Liosta Sonraí Teagmhála Oibríthe Sóisialta ar Dualgas

FSS Thiar - Seirbhísí Oibríthe Sóisialta ar Dualgas		
Dún na nGall	An Fhoireann Thoir, Ionad Gnó Links Lios Fionnáin Bun Cranncha Co. Dhún na nGall	Teil: 074 9320420 Facs: 074 9320419
	An Fhoireann Thiar Teach Euro Bóthar na gCealla Beaga Baile Dhún na nGall	Teil: 074 9723540 Facs: 074 9723489
	An Fhoireann Lárnach Thoir Cúirt na Mílaoise Bóthar an Phiarsaigh Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	Teil: 074 9123672 Facs: 074 9123697
	An Fhoireann Lárnach Thiar Cúirt na Mílaoise Bóthar an Phiarsaigh Leitir Ceanainn Co. Dhún na nGall	Teil: 074 9123770 Facs: 074 9123697
An Clár	Roinn na hOibre Sóisialta Teach na hAbhann Bóthar an Ghoirt Inis Co. an Chláir	Teil: 065 6863908 / 065 6863907 Facs: 065 6863984
Cathair agus Contae na Gaillimhe	Cathair na Gaillimhe Oifig Sláinte Áitiúil Oibríthe Sóisialta ar Dualgas FSS Thiar 25 Bóthar an Chaisleáin Nua Gaillimh	Teil: 091 546366 / 546370 / 546325 / 546369 Facs: 091 527601
	Contae na Gaillimhe Roinn Oibre Sóisialta Thuama Ionad Sláinte Sráid an Bhiocáire Tuaim Co. na Gaillimhe	Teil: 093 24492 Facs: 093 24608
	Roinn Oibre Sóisialta Bhaile Locha Riach Ionad Sláinte	Teil: 091 847820 Facs: 091 842927

<p>Cathair agus Contae na Gaillimhe <i>ar leanúint</i></p>	<p>Baile Locha Riach Co. na Gaillimhe</p> <p>Roinn Oibre Sóisialta- Ionad Sláinte Bhéal Átha na Sluaighe Breacarnach Béal Átha na Sluaighe Co. na Gaillimhe</p> <p>Roinn Oibre Sóisialta-Ionad Sláinte Uachtar Ard Uachtar Ard Co. na Gaillimhe</p>	<p>Teil: 09096 46200 Facs: 09096 46211</p> <p>Teil: 091 552200 Facs: 091 552023</p>
<p>Luimneach Thoir agus Thiar</p>	<p>Luimneach Thoir, Ionad Sláinte Rixtown Seansráid an Chláir Luimneach</p> <p>Ionad Sláinte Mhaigh Rois Maigh Rois Luimneach</p> <p>Ionad Sláinte Bhaile na Neanta Bóthar Chill Liaile Baile na Neanta, Luimneach</p> <p>Roinn na hOibre Sóisialta, Ionad Sláinte South Hill South Hill Cathair Luimnigh</p> <p>Roinn Oibre Sóisialta Luimnigh Thiar Ionad Sláinte an Chaisleáin Nua An Gort Buí An Caisleán Nua, Co. Luimnigh</p>	<p>Teil: 061 483091 Facs: 061 419063</p> <p>Teil: 061 483790 / 061 326010 Facs: 061 329314</p> <p>Teil: 061 457100 (mura bhfuil Maigh Rois ar fáil) Facs: 061 457101</p> <p>Teil: 061 209985 Facs: 061 209998</p> <p>Teil: 069 66653 Facs: 069 62980</p>
<p>Maigh Eo</p>	<p>Foireann Oibre Sóisialta Bhéal an Átha Ionad Sláinte Bóthar na Trócaire Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo</p> <p>Foireann Oibre Sóisialta Chaisleán an Bharraigh Teach Hill Radharc an tSléibhe Caisleán an Bharraigh</p>	<p>Teil: 096 21511 / 096 24841 Facs: 096 70442</p> <p>Teil: 094 9022333 Facs: 094 9026110</p>

	<p>Co. Mhaigh Eo</p> <p>Foireann Oibre Sóisialta Bhéal Átha na Muice, Ionad Sláinte Béal Átha na Muice Co. Mhaigh Eo</p>	<p>Teil: 094 9251900 Facs: 094 9252570</p>
Tiobraid Árann Thuaidh	<p>Roinn Oibre Sóisialta Thiobraid Árann Thuaidh Annbrook Bóthar Luimnigh An tAonach Co. Thiobraid Árann</p> <p>Ionad Sláinte Mhuire Sráid Parnell Durlas Co. Thiobraid Árann</p>	<p>Teil: 067 41934 Facs: 067 42069</p> <p>Teil: 0504 27609 Facs: 0504 24638</p>
Ros Comáin	<p>Baile Ros Comáin, Seirbhísí Pobail Oibrithe Sóisialta ar Dualgas, Bóthar Lanesboro, Ros Comáin</p> <p>Ionad Sláinte Cheantar Mhainistir na Búille, Mainistir na Búille Co. Ros Comáin</p> <p>Roinn Oibre Sóisialta Cheantar an Chaisleáin Riabhaigh Oifigí FSS Teach Heavey An Cnoc Rua An Caisleán Riabhach Co. Ros Comáin</p>	<p>Teil: 090 66 37528 / 090 66 37556 Facs: 090 66 27043</p> <p>Teil: 071 96 62087 Facs: 071 96 63496</p> <p>Teil: 090 66 37842 Facs: 094 96 21288</p>
Sligeach/Liatroim/An Cabhán Thiar:	<p>Baile Shligigh agus na ceantair máguaird: Teach Markievicz Sráid na Beairice, Sligeach</p> <p>Contae Shligigh Theas: Ionad Ilfhreastail Teach Laighne</p>	<p>Teil: 071 91 55133 Facs: 071 91 55142</p> <p>Teil: 071 91 20062 Facs: 071 91 85472</p>

	<p>Sráid Humbert Tobar an Choire</p> <p>Contae Liatroma/An Cabhán Thiar: Oifig Cúram Pobail Bóthar Liatroma Cora Droma Rúisc Co. Liatroma</p>	<p>Teil: 071 96 50324 Facs: 071 96 20334</p>
--	---	--

## AGUISÍN 6

### Cosaint do dhaoine a thuiriscíonn mí-úsáid leanaí

#### An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuirisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998

Cuireann an tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuirisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998, díolúine ó dhliteanas sibhialta ar fáil do dhaoine a thuiriscíonn mí-úsáid leanaí "go réasúnach agus de mheon macánta" do FSS agus don Gharda Síochána. Ciallaíonn sé seo i gcás go bhfaighfí amach nach raibh bunús le hamhras tuairiscithe faoi mhí-úsáid leanaí, go mbeadh ar ghearánaí a thionscnódh caingean a chruthú nár ghníomhaigh an tuairisceoir go réasúnta agus de mheon macánta nuair a rinne sé/sí an tuairisc.

Baineann an chosaint seo le heagraíochtaí agus le daoine aonair. Meastar mar sin gur chóir go nglacfadh eagraíochtaí le freagracht iomlán as mí-úsáid amhrasta leanaí a thuirisciú do na húdaráis chúí. Ba chóir tuairiscí a dhéanamh do FSS agus don Gharda Síochána de réir pholasaí agus treoirlínte na Comhairle Oidhreachta.

*Deir Alt 3 (1) den Acht:*

*"3. (1) Maidir le duine a bheadh, ar leith ón alt seo, faoi dhliteanas amhlaidh, ní bheidh sé nó sí faoi dhliteanas maidir le damáistí i leith é nó í do chur a thuirime nó a tuairime in iúl, i scríbhinn nó ar shlí eile, do dhuine cuí á rá—*

*(a) go raibh nó go bhfuil ionsaí á dhéanamh ar leanbh, ainíde á tabhairt do leanbh, faillí á déanamh i leanbh nó drochúsáid ghnéasach á tabhairt do leanbh, nó*

*(b) go bhfuil dochar inseachanta déanta nó á dhéanamh do shláinte, d'fhorbairt nó do leas linbh nó faillí inseachanta déanta nó á déanamh sna nithe sin,*

*mura rud é go gcruthófar nár ghníomhaigh sé nó sí go réasúnach agus de mheon macánta le linn teacht ar an tuairim sin agus í a chur in iúl don duine cuí".*

Faoi Alt 4 den Acht céanna, ní chuirfear pionós ar fhostaí ar bith as tuairisc faoi mhí-úsáid leanaí a dhéanamh de mheon macánta do FSS nó don Gharda Síochána.

#### Pribhléid Shrianta a Chosaint

Is féidir duine a dhéanann tuairisc de mheon macánta agus ar mhaithe le leas an linbh a chosaint chomh maith faoin dlí coiteann, trí chosaint na pribhléide srianta.

Cuireann an Dlí Coiteann cosaint ar fáil i gcásanna áirithe, do dhaoine a dhéanann 31 ráiteas ó bhéal nó scríofa de chineál áirithe a d'fhéadfadh an t-údar a chur i mbaol líomhain chlúmhillte dá ndéanfaí a leithéid de ráitis i gcúinsí eile. Tá an chosaint seo ann agus é á aithint go bhfuil cúinsí ann inár gá do dhaoine labhairt go saor gan eagla a bheith orthu roimh iarmhairtí díobhálacha dlí.

Go ginearálta, cumhdaíonn an phribhléid cásanna ina bhfuil dualgas ar an duine a dhéanann an ráiteas labhairt, nó ina bhfuil oibleagáid air/uirthi leas éigin a chosaint. Ní gá go baileach go mbeadh dualgas dlíthiúil i gceist: is leor dualgas morálta nó sóisialta ráiteas nó tuairisc a dhéanamh. Caithfidh dualgas comhfhreagrach a bheith ar fhaighteoir an ráitis an ráiteas a fháil. Ní bhíonn an chosaint i gceist ach sa chás nach bhfuil an ráiteas á dhéanamh ag an duine go mailíseach. I gcásanna go bhfuil dualgas ar dhuine labhairt agus go ndéanann sé/sí sin gan mhailís, is féidir leis/léi a bheith cinnte go gcosnóidh cosaint na pribhléide srianta é/í ar líomhain chlúmhillte ar bith a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar a ráiteas. Beidh an chosaint i gceist, mar shampla, nuair a

thuiriscíonn fostaí a (h)amhras bona fide dá b(h)ainisteoir líne (nó do dhuine éigin a sainíodh go speisialta) go bhféadfadh gníomh mí-úsáide a bheith déanta ag comhghostaí i rith fhostaíocht an duine dheireanaigh sin.

## AGUISÍN 7

### Líomhain in aghaidh ball foirne; Bearta Cosanta

Agus iad ag fanacht le toradh an imscrúdaithe, ba chóir go ndéanfadh an Chomhairle Oidhreachta pé bearta cosanta is gá le cinntiú nach mbíonn leanaí nochtadh do riosca doghlactha. Ní bearta araíonachta iad na bearta cosanta seo, agus d'fhéadfadh na gníomhartha seo a leanas a bheith ina measc:

- Leibhéal cuí maoirseachta a chur ar fáil;
- Dualgais a athshannadh ionas nach mbeidh teagmháil ag an duine a bhfuil mí-úsáid curtha ina leith le leanaí/daoine óga;
- An ball foirne a chur as dualgas agus é/í á (h)íoc.

Níor chóir an ball foirne a chur as dualgas ar feitheamh thoradh an imscrúdaithe ach i gcúinsí eisceachtúla. Ba chóir a mhíniú don bhall foirne atá i gceist gur beart réamhchúramach é an cinneadh é/í a chur as dualgas, agus nach smachtbhanna araíonachta é.

Cuirfear tuairimí an bhaill foirne atá i gceist san áireamh agus na bearta cuí cosanta á gcinneadh. Ach is faoi POF na Comhairle Oidhreachta a bheidh an cinneadh deiridh.

## AGUISÍN 8

### Foirm Dhearbhúcháin na Foirne

Dearbhú ar an bPolasaí um Chosaint Leanaí

Ainm (bloclitreacha): \_\_\_\_\_

Dáta breithe: \_\_\_\_\_

Seoladh: \_\_\_\_\_

Uimhir ghutháin: \_\_\_\_\_

Suíomh oibre: \_\_\_\_\_

Post: \_\_\_\_\_

**Fuair mé cóip de**

Polasaí na Comhairle Oidhreachta um Chosaint Leanaí

**Tá na sonraí sa pholasaí léite agam agus tuigim iad, agus toilím cloí leis na treoirínte ar nósanna imeachta agus cleachtais atá ann.**

Sínithe: \_\_\_\_\_ Ainm an Fhostaí

Dáta: \_\_\_\_\_

Caithfear an dearbhú seo a shíniú agus a chur ar ais chuig:

An Bainisteoir AD, An Chomhairle Oidhreachta, Lána an Teampaill, Cill Chainnigh



## AGUISÍN 9

Foirm Féindearbhúcháin

### AN CHOMHAIRLE OIDHREACHTA

#### FOIRM FÉINDEARBHÚCHÁIN

Bíonn teacht forleathan ar leanaí agus daoine óga i gceist leis an bpost seo. Tá an Chomhairle Oidhreachta tiomanta do leas agus cosaint leanaí agus daoine óga, agus caithfimid iarraidh ort mar sin an t-eolas seo a leanas a dhearbú dúinn. Coinnítear an t-eolas a chuireann tú ar fáil sa dearbhú seo faoi rún daingean.

RÉAMHAINM: \_\_\_\_\_ SLOINNE: \_\_\_\_\_  
(Bloclitreacha)

AINMN(EACHA) EILE AR BITH A BHÍ ORT ROIMHE SEO (más infheidhme):

\_\_\_\_\_  
(Bloclitreacha)

AR CIONTAÍODH THÚ I gCION COIRIÚIL RIAMH?

CIONTAÍODH  NÍOR CIONTAÍODH

AR TUGADH RABHADH DUIT RIAMH?

TUGADH  NÍOR TUGADH

AR CUIREADH BANNAÍ ORT RIAMH?

CUIREADH  NÍOR CUIREADH

**MÁ THUG TÚ FREAGRA DEIMHNEACH AR CHEANN AR BITH DE NA CEISTEANNA THUAS,  
LUAIGH CINEÁL AGUS DÁTA(Í) AN CHIONA / NA gCIONTA, LE DO THOIL:**

**DÁTA AN CHIONA**

**CINEÁL AN CHIONA**

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

**TÁBHACHTACH**

Caithfidh tú an dearbhú seo thíos a shíniú agus a dhátú.

Má thairgtear post duit, déanfaidh na Gardaí grinnfhiosrúchán ort. Má aimsíonn grinnfhiosrú na nGardaí eolas ar bith dúinn atá ag teacht salach ar an eolas atá curtha ar fáil agat ar an dearbhú seo, brisfear thú as do phost láithreach.

**SÍNITHE:** \_\_\_\_\_

**DÁTA:** \_\_\_\_\_